

Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	3
Aitheasc an Chathaoirligh	4
Feidhmeanna Bhord BOOLI	5
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	5
Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Nollaig 2021	6
Príomhstaitisticí BOOLI	11
Tuarascáil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2021	12
Láthair Seirbhísí BOOLI	13
Miondealú Foirne BOOLI	14
Cairt Eagraíochta BOOLI	15
Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLI	16
Tuarascáil 2021 - Scoileanna	18
Tuarascáil 2021 – an tAonad um Obair Ógra	36
Tuarascáil 2021 - Music Generation	39
Tuarascáil 2021 – Breisoideachais agus Oiliúint	44
Tuarascáil 2021 – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta	58
Aguisín 1	62
Aguisín 2	63



Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Liz Lavery,

An Príomhfheidhmeannach BOOLI

Is cúis ríméid dom Tuarascáil Bhliantúil 2021 BOOLI a chur i láthair. Soláthraítear forléargas ar sheirbhísí BOOLI sa tuarascáil seo agus díritear ar na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse BOOLI 2021. Tá misean, luachanna agus spriocanna mar bhonn taca le Pleananna Seirbhíse BOOLI mar a shainmhínítear i Ráiteas Straitéise BOOLI 2017-2022 agus cuireann eolas ar fáil maidir le treo, fócas agus spriocanna don eagraíocht. Ciallaíonn Tuarascáil Bhliantúil 2021 seo an cúigiú bliain agus an bhliain dheiridh de chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise atá ann cheana féin mar go bhfuiltear i mbun ullmhaithe ar Ráiteas Straitéise 2022-2026 a chur ar fáil.

Bhí leanúint le seirbhísí ar fud na heagraíochta lárnach ó thaobh ár gcuid oibre de le linn dúinn a bheith ag déanamh an bhealaigh tríd an dara bliain de COVID- 19. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh de na dúshláin a bhí i ndán do scoileanna, do BOO, d'oideachas ceoil agus do thacaíochtaí na príomhoifige. In ainneoin na paindéime leanúnaí agus faoi cheannaireacht de scoth Stiúrthóirí BOOLI, tháinig an fhoireann trína dúshláin go léir agus leanadh ag feidhmiú ar bhealach fuinniúil, ilghnéitheach agus nuálach.

Leanann scoileanna BOOLI ag déanamh go maith. Lean líon na ndaltaí, ceadú tionscadail tógála shuntasacha agus forbairt leanúnach na foirne le dul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2021.

Tháinig forbairt as cuimse ar an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna rud a chiallaigh go raibh saoraidí breise riachtanach chun freastal ar na héilimh oideachais agus geilleagracha reatha agus amach anseo.

Lean seirbhísí óige le comhordú soláthar seirbhíse óige a stiúradh sa Longfort agus san Iarmhí agus chuir cláir Music Generation gné spreagúil ar fáil ar mhaithe le taitneamhacht do chách.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann iontach agus cumasach BOOLI as a gcuid oibre, tiomantas agus ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar chlár oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go háirithe leo siúd a bhfuil ról cheannaireachta ar fud na heagraíochta ó thaobh a mbunseasmhacht ó thaobh leanúnachas seirbhísí a chinntiú. Ba chróga iad a gcuid iarrachtaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le comhaltaí Boird BOOLI, Boird Bainistíochta Scoileanna, an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, Foirne Taisc agus grúpaí oibre éagsúla as a gcion luachmhar agus as an tacaíocht dhaingean a thug siad do dhaltai agus d'fhoghlaimoirí sa Longfort agus san Iarmhí.

Liz Lavery
Príomhfheidhmeannach, BOOLI



Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí

Frankie Keena,
Aitheasc an Chathaoirligh

Agus muid ag teacht as bliain dheacair eile lenar bhain srianta sláinte poiblí, dianghlásail, brú ó thaobh teagasc ar líne, srl., is cúis mórtais dom féachaint siar ar an obair eisceachtúil ar thug gach comhalta foirne de chuid BOOLI fúithi go fonnmar. Tá cothabháil déanta agaibh ar shárchaighdeán oideachais agus oiliúna ar fud earnáil na hiarbhunscolaíochta agus in earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna (BOO) araon. Bhí an fhoireann seo faoi stiúir ábalta an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh, Liz Lavery, a cuid stiúrthóirí agus foireann riaracháin tiomanta. Bhí an freagra ó gach comhalta foirne eiseamláireach le linn na tréimhse seo a bhí thar a bheith deacair agus mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ba mhór agam an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghlacadh le gach uile dhuine agaibh.

Tá sainchúram BOOLI mar eagraíocht reachtúil leathan le freagrachtaí a chlúdaíonn an dá chontae ó thaobh iar-bhunscoileanna, seirbhísí óige agus seirbhís BOO. Tá sé rithabhachtach mar Bhord go mbeidh na beartais agus straitéisí ábhartha go léir i bhfeidhm againn ionas go gcuirtear na deiseanna oideachais is fearr ar fáil do na daltaí go léir. Tá sé mar mhórfhreagracht orainn freisin a chinntiú go bhfuil na scoileanna agus na hoifigí ar an gcaighdeán is airde chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus na foirne araon.

Mar Bhord táimid go gníomhach ag leanúint an chuspóra Scoil Náisiúnta Phobail a sholáthar sa cheantar a mbeadh mílte fáilte agam roimpi mar go gcuirfeadh sé seo rogha ar fáil do na tuismitheoirí a bheidh i gceist. Tá súil agam go dtabharfar an togra seo chun críche sula i bhfad.

Chuir an phaindéim sláinte poiblí go leor strus ní hamháin ar na daltaí a bhí déanamh scrúduithe stáit ach cuireadh go leor struis freisin ar go leor de na daltaí siúd a bhí gearrtha amach óna gcairde ó lá go lá. Chuir sé sin leis an ualach oibre ar na príomhoidí, ar an bhfoireann teagaisc agus ar mhúinteoirí Gairmthreorach a bhfuil obair na gcapall déanta acu chun na tacaíochtaí riachtanacha a thabhairt do na daltaí siúd. Agus an méid sin go léir á thabhairt san áireamh rinne na daltaí éacht go hacadúil a bhuíochas don fhoireann teagaisc den scoth.

Chiallaigh an t-éileamh atá ag dul i méid ar sheirbhísí BOO, go háirithe an riachtanas atá ann ar líon níos mó printíseach chun freastal ar thionscal na tógála, go bhfuil gá le níos mó spásanna. Táthar ag tabhairt aghaidh air sin trí mhaoiniú Rialtais.

Tá dóchas agus spreagadh tugtha ag leathadh amach an chláir vacsaínithe do dhaoine go mbeidh rudaí ag dul ar ais mar a bhí. Cé go bhfuil sé inmholta, fiú agus an uile dhuine ag tnúth le himeacht na srianta ó thaobh sláinte poiblí de, go mbeidh daoine fós freagrach agus aireach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na comhaltaí Boird reatha agus buíochas ó chroí a ghlacadh leo a d'oibrigh chomh díograiseach agus chomh dúthrachtach le fuinneamh agus le tiomantas chun na deiseanna oideachais is fearr is féidir a chur ar fáil do na daltaí go léir laistigh de struchtúr BOOLI.

Mr. Frankie Keena

An Comhairleoir Frankie Keena
Cathaoirleach, BOOLI

Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá an Bord freagrach as treo agus rialú ceart a chuid feidhmeanna i gceantair údaráis áitiúil an Longfoirt agus na hlarmhí.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais. Is é atá mar chuspóir leis an gcód a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí prionsabail dea-rialachais agus dea-bhainistithe chun feidhme.

Feidhmeanna Bhord BOOLI

Feidhmeanna forchoimeáda iad na cinntí a dhéanann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019, an Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú agus leagtar sceideal iomlán amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean sa chás gur cuí agus i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Ráiteas maidir le freagrachtaí an Bhoird:

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Éilítear faoi Acht 51 den Acht sin ar BOOLI na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasafóichta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú, éilítear ar an mBord:

- (a) Na polasaithe caighdeánacha cuntasafóichta a chur i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais BOOLI a ullmhú
- (b) Breithiúnas agus meastachán a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- (c) Aon chás ina n-imítear ó na polasaithe caighdeánacha cuntasafóichta a chur in iúl agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí cuntais a choimeád lena léirítear go réasúnta cruinn riocht airgeadais an Bhoird ag tráth ar bith agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá de fhreagracht ar an mBord chomh maith sócmhainní an Bhoird a chaomhnú agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a chosc nó a thabhairt chun suntais. Tá an Bord den tuairim go dtugtar léiriú mar is cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar riocht ghnóthaí an Bhoird.

Cheadaigh an Bord na doiciméid seo a leanas le linn na bliana 2021:

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Freastal údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha
- Ceadaíodh éadail, sealbhú agus diúscairt talún nó úis i gcomhréir le rialacháin an ROS
- Cinntíodh gur coimeádadh taifid chruinne ar chruinnithe agus cinntí

Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Nollaig 2021

Cruinnithe Boird:

Chas an Bord lena chéile ocht (8) n-uaire, agus tugtar breac-chuntas maidir le freastal in Aguisín 1

Ainm

An tUasal Luke Casserly
 An tUasal Donie Cassidy
 An Comhairleoir Aoife Davitt
 An tUasal John Dolan
 An tUasal Michael Dollard
 Josephine Donohue, Uasal
 Niamh Ginnell, Uasal
 An tUasal Ken Glynn
 An tUasal Gerry Hagan
 An tUasal Colm Harte
 An Comhairleoir Louise Heavin
 An tUasal Frankie Keena (Cathaoirleach)
 An tUasal Denis Leonard
 Kathleen McGahern, Uasal
 An tUasal Mark Murphy
 An tUasal Garry Murtagh
 An Comhairleoir Peggy Nolan
 Mary O'Brien, Uasal
 An tUasal Pat O'Toole (Leas-Chathaoirleach)
 An Comhairleoir Emily Wallace
 An tUasal Colin Whyte

Comhlacht Ainmniúcháin

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Arna toghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Ionadaí Foirne
 Arna thoghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Ionadaí Foirne

Dátaí do Chruinnithe Boird BOOLI 2021

12 Eanáir, 2021
16 Feabhra, 2021
23 Márta, 2021
11 Bealtaine, 2021
08 Meitheamh, 2021
13 Meán Fómhair, 2021
12 Deireadh Fómhair, 2021
09 Samhain 2021

Comhaltas Coiste agus Dátaí Cruinnithe

Faoi Alt 45.1 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, tá sé mar oibleagáid ar BOOLI na coistí seo a leanas a bhunú:

- (a) coiste chun scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbord agus tuairisc a thabhairt don bhord ar na cúrsaí sin (ar a dtugtar "coiste airgeadais" san Acht),
- (b) coiste chun cabhrú leis an mbord na feidhmeanna maidir le hiniúcháireacht inmheánach a chomhlíonadh (ar a dtugtar "coiste iniúcháireachta" san Acht).

Comhaltas an Choiste Airgeadais agus Dátaí Cruinnithe

Bhí cúig chruinniú (5) ag an gCoiste Airgeadais le linn na bliana agus tá breac-chuntas tugtha ar fhreastail thíos:

Comhaltaí an Choiste Airgeadais* (Eanáir – Nollaig 2021)
An Comhairleoir Michael Dollard (Cathaoirleach)
An Comhairleoir John Dolan
An tUasal John Duffy
An tUasal Hugh Farrell
An Comhairleoir Pat O' Toole
Ann Nugent, Uasal

Dátaí Cruinnithe 2021
04 Feabhra 2021
18 Márta 2021
03 Meitheamh 2021
02 Meán Fómhair 2021
25 Samhain 2021

* Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2

Comhaltas an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Dátaí Cruinnithe

Bhí cúig chruinniú (5) ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn na bliana agus tá breac-chuntas tugtha ar fhreastail in Aguisín 2:

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca* (Eanáir - Nollaig 2021)
An tUasal Gerard Quirke (Cathaoirleach)
An tUasal Donie Cassidy
An tUasal John Duffy
An Comhairleoir Gerry Hagan
Kathleen McGahern, Uasal
An tUasal Pat O' Rourke

Dátaí Cruinnithe 2021
08 Eanáir 2021
29 Eanáir 2021
26 Feabhra 2021
13 Bealtaine 2021
05 Samhain 2021

* Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2

Bainistíocht Riosca

Leanann an Bord le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtúlacht na mbearta seo sa bhliain 2021. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord maidir lena fheidhm bhainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (an AI) agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC agus ar aon Iniúchadh seachtrach, ar nós iniúchadh an CSE agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha faoina dtugtar fúthu ar bhonn bliantúil.

Is buanmhir é Bainistíocht Riosca ag gach Cruinniú Boird, lena n-áirítear, an méid seo a leanas leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach, an Príomhoifigeach Riosca (an POR) san áireamh
- Tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátáil riosca
- Clár Iniúchtaí

Cuireadh mionsonraí san áireamh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí gaolmhara maolaithe mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh d'aon mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córas Rialaithe Inmheánaigh

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus gur cuireadh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir ag athrú go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh seachtrach, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire. Deimhníonn an Bord go bhfoilseofar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a bhfaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go gcloíonn an eagraíocht leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus le beartas agus nósanna imeachta soláthair agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Plean Corparáideach Soláthair.

Cánachas

Deimhníonn an Bord go bhfuil BOO ag cloí lena chuid oibleagáidí faoin dlí cánachais.

Ráitis Airgeadais 2021

Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchta ag an ARCC ag tráth fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na bliana 2021. Foilseoidh BOOLI na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Áirítear sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Mionsonraí maidir le táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i ndáil le Comhaltaí Boird a bhfuil anailís déanta orthu trí chatagóir táillí
- Mionsonraí comhiomlána maidir le cúiteamh na príomhbhainistíochta a bhfuil anailís déanta orthu trína catagóirí seo a leanas, lena n-áirítear, cúiteamh bainistíochta ina iomláine.
 - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe
 - Sochair iarfhostaithe
 - Sochair foirceanta
- Cúiteamh na príomhbhainistíochta más ann dó.
- Mionsonraí den líon fostaithe ar thit a gcuid sochair fostaíochta iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus idir gach banna pá de €10,000 agus ó €60,000 agus níos airde agus an tsuim fhoriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí

Príomhstaitisticí BOOLI

Scoileanna



Seirbhísí	Líon na bPríomhionad	Líon na Rannpháirtithe
Daltaí Iar-Bhunscoile	8	3319
Ionad Oideachais Sóisearach Naomh Antaine	1	13
Daltaí Iar-ardteisméireachta	2	223
Cúrsaí Oíche Féinmhaoinithe	1	96
Iomlán	12	3651

Breisoideachas agus Oiliúint



Seirbhísí	Líon na bPríomhionad	Líon na dTairbhithe
Tairbhithe a fhreastalaíonn ar Chláir BOOLI	11	5831
Tairbhithe Seirbhísí eile BOO	Mar atá thuas	2984
Iomlán	11	8815

Seirbhísí don Ógra



Seirbhísí	Líon na bPríomhionad	Líon na dTairbhithe
*Clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha	27	1232
**Seirbhísí don Ógra faoi stiúir na foirne	8	2596
Iomlán	35	3828

*Tháinig laghdú suntasach ar leibhéal an tsoláthair clubanna óige faoi stiúir oibrithe deonacha le linn thréimhse na paindéime (2020 – 2021).

**Tá laghdú faoi aon cheann amháin tagtha ar thionscadail óige faoi stiúir na foirne mar nach bhfuilimid ag fáil maoiniú níos mó do thionscadal amháin a bhí maoinithe ag an Roinn Sláinte.


Tuarascáil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

Éilítear faoi Ionstraim Reachtúil 542 de 2009 ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a sholáthar maidir le húsáid fuinnimh agus le bearta a dhéantar chun ídiú fuinnimh a laghdú. Baineadh éifeachtúlacht amach trí bhainistíocht struchtúrtha fuinnimh, uasghrádaithe ar fhoirgnimh agus ar áiseanna, soláthar fuinnimh níos fearr agus trí athrú iompraíochta laistigh den eagraíocht.


Déanann BOOLI iarracht i gcónaí úsáid fuinnimh a laghdú agus tá faisnéis curtha faoi bhráid na scoileanna, na n-ionad agus na n-oifigí ar fad de réir mar a éilíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Bhí spáráil fuinnimh 39.2% á bhaint amach ag BOOLI faoi dheireadh na bliana 2020.


Féach thíos an graf is deireanaí ón SEAI ina léirítear spáráil fuinnimh BOOLI go dtí an bhliain 2019



Láthair Seirbhísí BOOLI




Láthair Seirbhísí BOOLI	
Scoileanna	Breisoideachas agus Oiliúint
1 Ardscoil Phádraig, Gránard	13 Ionad BOO Bhaile Átha Luain
2 Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain	14 Ionad BOO Bhaile Uí Mhatháin
3 Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin	15 Ionad BOO Ghránard
4 Coláiste Pobail Bhaile na gCros	16 Ionad BOO an Longfoirt
5 Coláiste Columba, Cill Liúcainne	17 Ionad BOO an Mhuilinn Chearr
6 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag	18 Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain
7 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	Ógtheagmháil agus SDOG
8 Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort	19 Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin
9 Iar-bhunscoil Naomh Antaine, Baile Átha Luain	20 Ógtheagmháil Dhealbhna
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	21 Ógtheagmháil Chill Beagáin
10 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	22 Ógtheagmháil an Longfoirt
11 Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort	23 SDOG Bhaile Átha Luain
Príomhoifig	24 SDOG an Mhuilinn Chearr
12 Príomhoifig BOOLI an Mhuilinn Chearr	25 Oifig an Longfoirt



Miondealú ar Chomhaltaí Foirne BOOLI 2021

Catagóir	Iomlán
Múinteoirí Iar-Bhunscoile	452
Múinteoirí/Teagascóirí BOO	158
Foireann Riaracháin	125
Comhordaitheoirí/Ceannasaithe Ionaid	27
Oibrithe Acmhainne	9
Foireann Cothabhála	30
Foireann Tacaíochta (CRS)	82
Scrúduithe	48
Deimhnitheoir Seachtrach	19
Comhaltaí Boird	21
Music Generation	15
Iomlán	986

Cairt Eagraíochta BOOLI



Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLI


Sa bhliain 2017, rinne an BOOLI forbairt ar 'Ráiteas Straitéise 2017 – 2022' mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéil maidir le BOO an Longfoirt agus na hlarmhí do na cúig bliana atá amach romhainn. Is é an Ráiteas Straitéise an bonn agus an cúlra cuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag BOOLI le linn na bliana 2020 agus soláthraíonn sé an creat sa tuarascáil bhliantúil seo do gach aon cheann de na ceithre réimse, eadhon, Scoileanna, Ógra, BOO agus TFE.

Ár bhFís

Seirbhísí gairmiúla
oideachais agus oiliúna
ardcháilíochta agus
fuinniúla, a ithnítear go
náisiúnta agus go
hidirnáisiúna a fhorbairt
agus a sholáthar

Ár Misean

Seirbhísí oideachais
agus
oiliúna dinimiciúla,
éagsúla agus
nuálacha
a sholáthar



SPRIOCANNA STRAITÉISE 2017-2022

Sprioc 1	Seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá dírithe ar an bhfoghlaimoir a chur ar fáil
Sprioc 2	Taithí agus torthaí foghlama a fheabhsú d'fhoghlaimoirí
Sprioc 3	Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú
Sprioc 4	Forbairt struchtúir éifeachtacha eagraíochta a chur chun cinn
Sprioc 5	Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach na foirne

Tuarascáil 2021 Scoileanna

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, ar ardchaighdeán agus atá foghlaimeoirilárnach a sholáthar

1.1 Cairt Foghlaimeora a Chruthú don BOOLI

Tar éis taighde agus rannpháirtíocht shuntasach le ceannairí scoile, leis an bhfoireann, le daltaí agus le hionadaithe Líonra Chumainn na dTuismitheoirí, thug BOO Cairt Foghlaimeora chun críche don eagraíocht. Is féidir féachaint ar an gCairt Foghlaimeora ar láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.lwetb.ie/wp-content/uploads/2020/11/LWETB-Learner-Charter-2020.pdf> nó láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.lwetb.ie>

1.2 Straitéis Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt do BOOLI

Tá an doiciméad 'Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí - Prionsabail Oideachais agus Oiliúna' tugtha chun críche agus is féidir an doiciméad a fheiceáil ar láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.lwetb.ie/wp-content/uploads/2021/05/LWETB-Principles-for-Education-and-Training-Services-2021.pdf> Soláthraíonn an doiciméad seo na treoírphrionsabail maidir le seachadadh ar fud scoileanna agus seirbhísí BOOLI.

Tá an doiciméad 'Straitéis Teagaisc agus Foghlama – Faisnéis agus Teicneolaíocht' tugtha chun críche agus is féidir an doiciméad a fheiceáil ar láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.lwetb.ie/wp-content/uploads/2021/05/Teaching-and-Learning-Strategy-Information-and-Technology.pdf>

1.3 Pleanáil agus comhordú cláir

COVID-19:

Lean an fhoireann, chun tacú le scoileanna le linn na paindéime atá ag leanúint ar aghaidh, lena bheith rannpháirteach in FGL san oideachas ar líne, rannpháirtíocht chianda, ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na ndaltaí le riachtanais bhreise a bhí faoi thionchar ag COVID- 19, cur chuige ó thaobh folláine agus tacaíocht daltaí. Rinne scoileanna óstach ar chruinnithe rialta Foirne Cúraim chun léiriú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt air riachtanais an phobal scoile de réir mar a thagann siad chun cinn ar feadh na bliana. D'oibrigh foireann earcaíochta BOOLI gan stad gan staonadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais arda maidir le hionadaíocht atá ann mar gheall ar COVID-19. Rinneadh forbairt ar theimpléid chaighdeánacha chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmiú uaireanta Ranga agus na scéime ionadaíochta éigeandála.

Curaclam:

Leanadh le feidhmiú na Sraithe Sóisearaí nua a leathadh amach ar fud scoileanna go léir BOOLI. Bhí ceannairí scoile agus an fhoireann rannpháirteach i gceannaireacht agus in FGL don fhoireann iomlán a bhí sainiúil don ábhar go cianda ar feadh na bliana. Áiríodh ar chúrsaí gearra a cuireadh ar fáil le linn na bliana 2021, sraith ábhair folláine, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) agus Corpoideachas (PE). Cuireadh cúrsaí gearra Inniúlachta ar na Meáin Dhigiteacha agus Códú ar fáil do dhaltai freisin. Cuireann 5 scoil an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar fáil, ardú d'aon cheann amháin (1) ar an mbliain 2021. Cuirtear Gairmchlár na hArdteistiméireachta ar fáil in ocht (8) scoil de chuid BOOLI anois. Cuireann 7 gcinn de na scoileanna Clár Idirbhliana ar fáil, ardú de cheann amháin (1) ar an mbliain 2021. Déantar soláthar do ranganna speisialta i gceithre chinn (4) de na scoileanna. Cuirtear Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ar fáil in dhá (2) scoil.

Teagasc agus Foghlaim:

Bhí foireann scoile BOOLI rannpháirteach i raon FGL ar feadh na bliana 2021 ar mhaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn san oideachas trí dheachleachtas a bheith i bhfeidhm. Áiríodh san FGL, oiliúint atá sainiúil don ábhar, oiliúint modheolaíochta ar nós measúnú ar fhoghlaím agus measúnú do Ríomh-phortfóilió, comhtháthú TFC agus soláthar RSO. Rinneadh tuilleadh forbartha ar chur amach na scoileanna go léir ar shraith Microsoft a chiallaigh go raibh MS Teams ar an bpríomhuirlis teagaisc agus foghlama le linn de na scoileanna a bheith dúnta sa bhliain 2021 agus chiallaigh sé freisin a bheith ina phríomhbhuntaiste oideachais laistigh den seomra ranga agus sa bhaile nuair a osclaíodh na scoileanna arís. Rinneadh comhlánú breise air seo trí raon acmhainní eile a bhí ar fáil ar bhain na scoileanna úsáid astu, lena n-áirítear, Kahoot, Padlet, Duolingo, Linguascope, Edpuzzle, Quizlet, Screencasting, srl. Bhí rochtain ag scoileanna freisin ar láithreáin gréasáin agus ar leabharlanna ar líne trí Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí.

Tá dhá scoil (2) rannpháirteach i dtionscadal píolótach mapála um chuimsiú RSO. Tá 3 chóitseálaí maidir le hilchuimsitheacht ceaptha ó laistigh de scoileanna BOOLI a chuideoidh leis na scoileanna píolótacha acmhainní RSO atá á n-úsáid ar fud na heagraíochta a aithint, a rianú agus a chur i bhfeidhm. Bhí 2 lá oiliúna ag an triúr (3) cóitseálaithe an 21 Meán Fómhair agus an 19 Deireadh Fómhair. Bhí cruinniú acu leis an DoS freisin an 22 Samhain chun foireann comhoibríoch a chur i láthair chun a bheith rannpháirteach leis na Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais (CRSOanna) ó gach aon cheann d'ocht scoil san BOOLI. Bhí lá do chur i láthair ag an dá scoil píolótach an 23 Samhain.

Clár Cultúir na Scoileanna:

Lean scoileanna laistigh den BOOLI leis an nuálaíocht le linn na tréimhse a raibh srianta sláinte i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh taithí luachmhar á fháil ag daltaí i réimsí gníomhaíochtaí gaolmhara seach-churaclaim agus cultúrtha. Tháinig feabhas de bheagán ar an fháil a bhí ann ó thaobh úsáid a bhaint as gníomhaireachtaí agus as deiseanna lasmuigh de na scoileanna i mí Meán Fómhair 2021. Bhí na scoileanna airdeallach agus roghnú agus measúnú á dhéanamh acu ar fhiúntas a leithéid de thurais i bhfianaise na paindéime a bhí ag leanúint ar aghaidh. Áiríodh ar thurais a bhí ar siúl le linn na bliana 2021, Ionad Eachtraíochta Lilliput, Ionad Eachtraíochta Chairlinn, Baysports, Ionad Eachtraíochta Ghleann na Bóinne, turas Geografaíochta allamuigh chuig Ionad Oideachais Thíne, chuig Ionad Oideachais Chipiúr agus Loch na Buaraí agus turais Éiceolaíochta/Bitheolaíochta chuig feirm Causey.

Bhí an deis ag na daltaí a bheith rannpháirteach i raon gníomhaíochtaí. Rinne an fhoireann, éascaitheoirí lasmuigh agus rannpháirtíocht ar líne, éascú ar na gníomhaíochtaí seo. Ar roinnt de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl, bhí Comhairle na nÓg, Oiliúint Chomhairle na nDaltaí, Blast – na hEalaíona san Oideachas, Scoileanna Glasa, Seachtain na Rothar trí Chomhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt, Tráth na gCeist an Chomhair Creidmheasa, laethanta oscailte tríú leibhéal ar líne, tochailt seandálaíochta agus ceardlanna do scríbhneoireacht chruthaitheach.

Comórtais:

Bhí tionchar ag COVID-19 ar rannpháirtíocht sheachtrach na scoileanna in go leor comórtais, go háirithe, iad siúd a bhain le spórt sa chéad leath den bhliain 2021. Ó mhí Meán Fómhair, bhí ar chumas scoileanna a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spóirt de réir comhairle ón gcomhlacht teoraithe spóirt ábhartha.

Seachas gníomhaíochtaí spóirt, bhí scoileanna BOOLI rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iomaíochta éagsúla, lena n-áirítear, Gael Linn – comórtais díospóireachta na hÉireann, comórtas Mistéirí na Matamaitice UCD, Comórtas Eolaí Óg BT, Junk Kouture, Scifest, Óráidíocht Phoiblí Soroptimist, Comhshaolaí Óg Éicea-Unesco, Gradaim Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Comórtas Maths Eyes, PE XPO 2021, Dámhachtain Fiontraíochta Dalta an Longfoirt agus comórtas scoile Angus Beef.

Buaiteoirí duaiseanna le linn na bliana 2021:

- Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain: Buaiteoirí Gradaim Fiontraíochta agus Nuálaíochta Idirmheánacha, Buaiteoirí Sinsearach Comhshaolaí Óg Éicea-Unesco, Craobhiomaitheoir Díospóireachta, Maths Olympiad, an 3^ú háit go náisiúnta, Ardmholadh Eolaí Óg BT.
- Ardscoil Phádraig, Gránard: buaiteoirí sóisearacha dhámhachtain fiontraíochta daltaí an Longfoirt agus an dara háit sa Chontae, Comórtas Scoile Angus Beef – Ceann de na 6 scoil a roghnaíodh go náisiúnta
- Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: Buaiteoir Sinsearach Aonair Eolaí Óg BT, Buaiteoir Sóisearach PE XPO, Campa Aclaíochta Gnó BT an 3^ú háit
- Coláiste Pobail Bhaile na gCros – Eolaí Óg BT – Teicneolaíocht Shinsearach, 3^ú háit, duais speisialta Junk Kouture, Buaiteoir Gradaim don Fhiontraíocht Eorpach.

Tionscnaimh Áitiúla agus Náisiúnta:

Bhí scoileanna rannpháirteach sna tionscnaimh seo a leanas le linn na bliana 2021:

Bratach Gníomhaíochta – Aclaíocht Dhearfach; Bratach Ómra – Meabhairshláinte Dhearfach; Dúshlán maidir le hairgead cliste Bhanc na hÉireann; Comórtais Ghrianghrafadóireachta; an Bratach Glas – Feasacht Comhshaoil; Nuálaithe Sóisialta Óga; Maoir Ranga; Ranganna Cócaireachta saor in aisce (do na tuismitheoirí); Club Fiontraíochta na nDaltaí; Cláir de chuid an Gharda Síochána (m.sh. seisiúin feasachta maidir le cúrsaí Drugaí); an Comhar Creidmheasa; Tábhacht leis an Uile Lá, tionscnamh tinrimh; Bratach FSS do Chur chun cinn na Sláinte; Seachtain Feasachta maidir le Ceisteanna LADT; Seachtain Feasachta maidir leis an Lár-Oifig Iontrála; Seachtain Feasachta maidir le cúrsaí Eolaíochta; Seachtain Feasachta maidir le cúrsaí Matamaitice; Seachtain Feasachta maidir le Meabhairshláinte; Seachtain ghníomhaíochta ar son na haeráide; Seachtain na Scoileanna Gníomhacha; Seachtain na Gaeilge, na Bailte Slachtmhara; Ceardlanna do Scoileanna Staidéir; Ceardlanna Frithbhulaíochta; Oiliúint maidir le hAontas na Mac Léinn; Gaisce; Litreacha chuig daoine atá ina gcónaí i dTithe Altranais Áitiúla; Clár Meantóireachta na nDaltaí; Clár CLG do Cheannairí Amach Anseo.

Music Generation:

Lean Music Generation an Longfoirt le hoideachas ceoil a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gContae an Longfoirt ar feadh na bliana 2021 in ainneoin na srianta a bhí ann mar thoradh ar COVID- 19. Leanadh le modhanna rannpháirtíochta eile le nasc cianda leis na seomraí ranga, leis na hionaid luathbhlianta agus le tithe cónaithe na ndaltaí. Sa bhliain 2021, cheap Music Generation an Longfoirt Oifigeach Riaracháin. Bhí sé mar aidhm agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Áitiúil an Longfoirt (LMEP) á bhunú sa bhliain 2021 oibriú i gcomhar le hOifigeach Forbartha Music Generation chun torthaí inbhuanaithe fadtéarmacha a bhaint amach chun seirbhísí oideachais ceoil a fhorbairt sa Longfort.

Bíonn Oifigeach Forbartha Music Generation an Longfoirt rannpháirteach ar bhonn míosúil le Stiúrthóirí Scoile áit a ndéantar athbhreithniú ar an bplean agus ar an gcreat oibre ar bhonn eatraimh ráithiúla. Bhí cruinnithe ceannaireachta breise le hOifig Náisiúnta Music Generation i mí Feabhra agus i mí an Mheithimh 2021.

Tá leathnú curtha ar chur chun cinn Music Generation an Longfoirt leis an fhorbairt atá déanta ar an Straitéis Dhigiteach Cumarsáide a chuireann béim ar úsáid an láithreáin gréasáin agus na meáin shóisialta chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar fud an Longfoirt.

An tAonad um Obair Ógra:

Bhí cruinnithe leanúnacha le soláthróirí seirbhísí de réir Chomhaontuithe Seirbhíse na heagraíochta leis an Oifigeach Óige. Déanann an tAonad um Obair Ógra maoirseacht ar fheidhmiú iomlán na scéime maoinithe – D'áit do Spás, don bhliain 2021. Bhí 3 Chruinniú Pleanála agus Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn ar siúl sna seachtainí ag tosú leis an 25 Eanáir, 31 Bealtaine agus 4 Deireadh Fómhair do na hocht gcinn (8) de thionscadail faoi stiúir na foirne.

Rinne an tAonad um Obair Ógra maoirseacht ar na hocht gcinn (8) de thionscadail faoi stiúir na foirne atá á maoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a raibh athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Rialachais agus Riarachán, cruinnithe pleanála agus athbhreithniú feidhmíochta do gach aon tionscadal agus athbhreithniú ar sheicliosta rialachais bliantúil le gach eagraíocht a fuair maoiniú, i gceist leo. Thionóil an tOifigeach Óige, an Príomhfheidhmeannach, agus an DoS cruinniú rialachais an 22 Márta leis na heagraíochtaí go léir a fuair maoiniú.

Freastalaíonn an tOifigeach Óige ar chruinnithe seachtainiúla leis an DoS agus le Tacaíocht Scoile. Déantar athbhreithniú ar bhonn eatraimh ráithiúla ar an bPlean Oibre don Óige.

Bhí 4 chruinniú ag an nGrúpa Comhordúcháin Ógra sa bhliain 2021 faoi chathaoirleacht an DoS a tionóladh an 12 Iúil, 15 agus 28 Lúnasa agus an 24 Lúnasa.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta

Freastalaíonn Stiúrthóir na Scoileanna mar chomhalta de Ghrúpa Maoirseachta Cáilíochta BOOLI ag tacú le feidhmiú torthaí ar ardchaighdeán do dhaltáí atá ag freastal ar chlár PLC i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr agus i gColáiste Theampall Mhichíl. Thionóil an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta cruinnithe an 11 Feabhra, 8 Aibreán, 10 Meitheamh, 9 Meán Fómhair, 4 Samhain agus 9 Nollaig. Tionóladh cruinnithe maidir le ceadú torthaí an 24 Bealtaine i gColáiste Theampall Mhichíl agus an 26 Bealtaine i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr. Rinne Stiúrthóir na Scoileanna óstach ar Chruinnithe Pleanála do Cheannairí PLC i gcomhar leis an Stiúrthóir Breisoideachais an 10 Meitheamh agus an 7 Deireadh Fómhair. Freastalaíonn ceannairí scoile ó Choláiste Pobail an Mhuilinn Chearr agus Coláiste Theampall Mhichíl ar an nGrúpa Rialaithe Cáilíochta agus ar an nGrúpa Rialaithe Cláir chun tacú le soláthar a dhéanamh do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus do thorthaí ina gcuid scoileanna.

Lean an dá scoil le cúrsaí a chur ar fáil sa bhliain 2021 trí mheascán de theagasc ar líne agus teagasc ar an láthair.

1.5 Freagraí nuálacha a aithint i leith riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo

Ceannaireacht le linn COVID-19:

Lean Foireann Tascanna COVID- 19 BOOLI le tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do gach comhalta foirne de chuid fhoireann na scoile ar feadh na bliana 2021. Rinne an grúpa plé ar fhaisnéis atá suas chun dáta ag cruinnithe seachtainiúla agus rinneadh an fhaisnéis a scaipeadh ar na scoileanna go léir. Rinneadh forbairt ar raon acmhainní lena n-úsáid ag ceannairí scoile, lena n-áirítear, sreabhchairt bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna foirne a bhí faoi thionchar ag COVID- 19. Rinneadh plé, le linn scoileanna a bheith dúnta i Ráithe 1, 2021, ar fhaisnéis a bhí cothrom le dáta ón Roinn Oideachais agus ón BOOÉ ag cruinnithe rialta príomhoidí. Rinneadh athbhreithniú ar fhaisnéis tacaíochta ó eagraíochtaí ar nós na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ag na cruinnithe seo chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais folláine na ndaltaí i scoileanna BOOLI.

Chuir na scoileanna cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí i láthair le linn na bliana 2021 chun a chinntiú go raibh an deis ag na tuismitheoirí rannpháirtíocht a bheith acu agus aiseolas a fháil maidir le cúrsaí foghlama a gcuid leanaí. Bhí oiliúint bhreise ar siúl do mhúinteoirí chun leanúint leis na leibhéil láidre rannpháirtíochta a léiríodh i ndáil le daltaí ar feadh na dtréimhsí a raibh na scoileanna dúnta i Ráithe 1.

Rinne an rannóg Acmhainní Daonna agus Stiúrthóir na Scoileanna teimpléid a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar thionscnamh uaireanta RANGA chun aghaidh a thabhairt ar fholláine na ndaltaí agus freastal orthu siúd is mó a bhí faoi thionchar ag COVID-19. Rinneadh tuilleadh teimpléid a fhorbairt chun deis a thabhairt do cheannairí scoile taifeadadh a dhéanamh ar an bhfoireann a bhí rannpháirteach sa scéim ionadaíochta éigeandála chun comhlíonadh a chinntiú.

Bhí cruinnithe go léir na foirne agus an Bhoird Bainistíochta fós ar líne seachas in imthosca a raibh gá saincheisteanna Cosanta Leanaí a phlé. Bhunaigh na scoileanna fóraim daltaí agus tuismitheoirí chun athbhreithniú a dhéanamh air agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le hoideachas ar líne trí Ráithe 1.

Scoileanna BOOLI:

Tá dhá (2) scoil rannpháirteach i dtionscadal píolótach mapála um chuimsiú RSO. Tá 3 chóitseálaí maidir le hilchuimsitheacht ceaptha ó laistigh de scoileanna BOOLI a chuideoidh leis na scoileanna píolótacha acmhainní RSO atá á n-úsáid ar fud na heagraíochta a aithint, a rianú agus a chur i bhfeidhm. Bhí 2 lá oiliúna ag an triúr (3) cóitseálaithe an 21 Meán Fómhair agus an 19 Deireadh Fómhair. Bhí cruinniú acu leis an DoS freisin an 22 Samhain chun foireann chomhoibríoch a chur i láthair chun bheith rannpháirteach leis na Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais (CRSOanna) ó gach aon cheann de na hocht scoil san BOOLI. Bhí lá do chur i láthair ag an dá scoil píolótacha an 23 Samhain.

Laethanta Oscailte:

Mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm mar thoradh ar COVID-19, ní raibh ar chumas na scoileanna óstach a dhéanamh ar Laethanta Oscailte ar an mbealach traidisiúnta. Lean na scoileanna le físeáin bholscaireachta a forbraíodh sa bhliain 2020 a úsáid. Is féidir físeáin a fháil do gach aon cheann de na hocht scoil ar láithreán gréasáin na scoile nó ar www.lwetb.ie. Thug na scoileanna a gcuid réamheolairí faoi seacht cothrom le dáta sa bhliain 2021. Is trí choinne amháin a bhí cuairteanna scoile tuismitheoirí agus daltaí a raibh spéis acu sna scoileanna nó tar éis uaireanta scoile ar mhaithe lena chinntiú go rabhthas ag cloí le prótacail COVID-19.

Scoileanna Náisiúnta Pobail:

Lean an DoS lena rannpháirtíocht le Stiúrtóir na Scoileanna Náisiúnta Pobail don BOOÉ maidir le Samhail Scoileanna Náisiúnta Pobail a chur chun cinn. Tá láithreán gréasáin BOOLI tugtha cothrom le dáta chun faisnéis a sholáthar do pháirtithe leasmhara reatha bunscoile atá i mbun athbhreithniú ar phátrúnacht. Tá sé seo mar mhír ar an gclár do na fóraim mhíosúla go léir Stiúrtóra Scoile. Cuirfidh Stiúrtóir na Scoileanna Náisiúnta Pobail don BOOÉ an fhaisnéis is deireanaí ar fáil do Bhord.

Scoileanna Pobail:

Bhí Stiúrtóir na Scoileanna agus an Príomhfheidhmeannach a bhí ag déanamh ionadaíocht ar BOOLI mar Chomhphátrún, i dteagmháil le scoileanna agus le comhlachtaí pátrúnachta Phobalscoil na Maighne agus Coláiste Pobail an Mhóta an 15 Aibreán maidir le tacaíochtaí a d'fhéadfadh BOOLI a thabhairt do na scoileanna sna réimsí airgeadais, tógála agus rialachais. Rinne plé freisin ar thacaíocht do chúrsaí PLC.

Music Generation:

Bunaíodh Comhpháirtíocht Áitiúil Oideachais Ceoil an Longfoirt sa bhliain 2021. Bhí an chéad chruinniú ar siúl an 8 Nollaig. Déanfaidh an grúpa éascú ar an athbhreithniú ar na cláir reatha lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha i gcónaí agus go mbeidh sé ar a gcumas freastal ar riachtanais amach anseo.

Rinne Music Generation an Longfoirt Riarthóir lánaimseartha a earcú i Ráithe 1 den bhliain 2021. Chomh maith leis sin cheannaigh Music Generation an Longfoirt feithicil a aistríodh go mol taistil ceoil/stiúideo taifeadta i Ráithe 4 den bhliain 2021. Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil do thaibhiú cuimsitheach ceoil do leanaí agus do dhaoine óga i gceantair thuaithe sa Longfort. Bhí siad rannpháirteach freisin le hionaid luathbhlianta, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ó thaobh oideachas ceoil a chur ar fáil trí mhodhanna ar líne. Rinne Music Generation suirbhé ar a chuid foghlaimoirí, oideoirí agus tuismitheoirí i mí Meán Fómhair 2021 maidir le cleachtais reatha agus maidir le moltaí do cheol a chur ar fáil amach anseo.

An tAonad um Obair Ógra:

Rinneadh suirbhé míosúil a stiúradh agus fuarthas tuairisc maidir le gach aon tionscadal de na hocht (8) gcinn de thionscadal a fuair maoiniú. Cuireadh tacaíocht ar fáil mar thoradh ar fhreagraí

an tsuirbhé do na heagraíochtaí a fuair maoiniú sna réimsí oiliúna, rochtain ar acmhainní, líonraithe, deiseanna maoinithe. Rinneadh córas nua a fhorbairt chun rialú agus riarachán a dhéanamh ar Dheontais d'Obair Óige agus úsáid á bhaint as OneDrive. Cuireadh tuarascálacha míosúla faoi bhráid maidir le soláthar seirbhíse óna tionscadail faoi stiúir na foirne.

Rinne an tAonad um Obair Ógra suirbhé ar na páirtithe leasmhara go léir i mí Meán Fómhair maidir leis an soláthar reatha ar fud an réigiúin.

Sprioc 2: Feabhas a chur ar thaithí agus ar thorthaí foghlama d'fhoghlaimeoirí

2.1 Aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó thuismitheoirí

Aiseolas ón bhFoghlaimeoir:

Bhí scoileanna rannpháirteach, ar feadh na tréimhse a raibh na scoileanna dúnta le linn Ráithe 1 mar gheall ar COVID- 19, i líon bealaí chun aiseolas a fháil óna gcuid foghlaimeoirí faoi seach. Baineadh úsáid as Comhairle na nDaltaí, grúpaí fócais agus suirbhéanna daltaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá i bhfeidhm agus chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh. Lean na scoileanna le linn na coda eile den bhliain 2021 leis an rannpháirtíocht le comhairlí na ndaltaí, le tionscnaimh maidir le guth na ndaltaí agus le grúpaí oibre laistigh de scoileanna.

D'eisigh BOOLI suirbhé ar na daltaí go léir agus aiseolas a lorg acu ó fhoghlaimeoirí maidir lena dtaithí oideachais. Cuireadh an t-aiseolas sin in iúl do na scoileanna ar mhaithe le húsáid a bhaint as d'Fhéinmheastóireacht Scoile agus do phleanáil DEIS.

Bhí cruinniú ag an DoS agus ag an bPríomhfheidhmeannach le Grúpa Comhairleach na nDaltaí nua-bhunaithe an 23 Meán Fómhair lena dtaithí ar oideachas laistigh den BOOLI a phlé.

Aiseolas ó Thuismitheoirí:

Bunaíodh grúpaí fócais tuismitheoirí sna scoileanna freisin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn mar thoradh ar dhúnadh na scoileanna. Bhí tuismitheoirí san áireamh freisin i suirbhé ar fud BOOLI chun a dtuairim a thabhairt maidir le clár agus córais a bhí i bhfeidhm ar fud BOOLI. Cuireadh an t-aiseolas seo in iúl do na scoileanna freisin lena úsáid d'Fhéinmheastóireacht Scoile agus do phleanáil DEIS.

Clár píolótach aiseolais:

Tá dhá (2) scoil rannpháirteach i gclár píolótach tráth a gcuirtear aiseolas ar fáil do dhaltaí agus úsáid á bhaint as ardán Microsoft Teams a bhí á n-úsáid acu ar feadh na paidéime. Cuireann sé seo aiseolas múnlaiteach sainoiriúnaithe ar fáil do gach aon dalta a thugann an deis do mhúinteoirí saincheisteanna coitianta a aithint. Tá an clár píolótach seo ag teacht chun críche i mí Eanáir 2022.

Music Generation:

D'oibrigh Oifigeach Forbartha Music Generation i gcomhar leis an DoS chun suirbhéanna a fhorbairt a thugann an deis do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí a bhí rannpháirteach i dteagasc, éisteacht a fháil dá nguth maidir le seachadadh cláir agus moltaí reatha ar mhaithe le forbairt a dhéanamh amach anseo.

2.2 Foghlaim le cuidiú TEC

Tá BOOLI ag déanamh infheistíocht shuntasach i gcónaí chun bonneagair TEC a fhorbairt agus a uasghrádú agus lena chinntiú go bhfuil an oiliúint ábhartha á cur ar fáil sna scoileanna go léir. Dhírigh na scoileanna, ar feadh na tréimhse a raibh na scoileanna dúnta i Ráithe 1 den bhliain 2021, ar a chinntiú go raibh daltaí rannpháirteach i gcónaí trí ghairis, bogearraí agus raon d'uirlisí ar líne ar mhaithe le húsáid chianda a sholáthar. B'éigean réitigh maidir le rochtain a sholáthar freisin do líon foirne sa chás gur bhain saincheist le cúrsaí nasctha.

Bhí dhá (2) scoil rannpháirteach i gclár píolótach le "jumpAgrade" chun aiseolas ar líne a sholáthar do dhaltai agus dá dtuismitheoirí. Bhí scoileanna rannpháirteach i gcruinnithe beartaithe ar líne do mhúinteoirí is tuismitheoirí lena chinntiú go raibh tuismitheoirí ag fáil an fhaisnéis is deireanaí maidir le dul chun cinn na ndaltaí.

Thug scoil amháin (1) isteach foireann ceannaireachta digiteach dalta tráth a dtugtar gairis Microsoft do na daltaí chun tacaíocht a chur ar fáil do chomhdhaltaí agus do mhúinteoirí. Cuirtear oiliúint ar fáil dóibh agus bíonn siad rannpháirteach le comhordaitheoir TEC na scoile.

Tá coistí digiteacha i bhfeidhm i seacht gcinn (7) as na hocht (8) scoil agus tionóltar cruinnithe rialta ina dtugtar aghaidh ar roinnt de na príomhréimsí seo a leanas: Úsáid MS Teams a neadú, uasoiliúint a dhéanamh ar an bhfoireann, Ríomheolaíocht a thabhairt isteach mar ábhar, folláine san TEC, riachtanais agus tosaíochtaí TEC, comhroinnt acmhainní agus faisnéis a fhorbairt.

Áirítear ar thionscadail le linn na bliana 2021:

- Athchóiriú ar sheomra TEC i gColáiste Columba Cill Liúcáinne chun Ríomheolaíocht a sholáthar mar Ábhar don tSraith Sinsearach.
- Soláthar ranganna cianda PLC.
- Suiteáil Tiomántáin Soladstaide i ríomhairí laistigh de ACC agus BVS chun feidhmiúlacht ardluais ar ríomhairí na foirne a chinntiú.
- Ballaí dóiteáin éifeachtacha ar fud ríomhairí laistigh de scoileanna BOOLI.
- Tugadh tosaíocht d'oiliúint agus d'fhorbairt ghairmiúil i réimsí Microsoft Teams agus i rannpháirtíocht ar líne.
- Uasghrádú ar láithreáin gréasáin go léir na scoileanna.

Áirítear ar ghairis a cuireadh ar fáil do scoileanna le linn na bliana 2021:

49 ríomhaire deisce, 137 ríomhaire glúine do dhaltai, 8 Surface Pros, 5 tralaí do ríomhairí glúine, teilgeoirí, dangail, dioscaí soladstaide (SSDANNA), ceamaraí gréasáin agus fearais chinn.

Bhí Tara365 rannpháirteach le scoileanna aonair chun tacú le scoileanna chun nascacht a sholáthar le daltaí/comhaltaí foirne i gceantair iargúlta de réir mar is féidir.

Bheartaigh agus chuir an DoS agus an rannóg Acmhainní Daonna de BOOLI tús le córas One drive le cur ar chumas leas-phríomhoidí CPD foirne a chur isteach ar mhaithe le coimeád taifead. Soláthraíodh an méid sin thar 3 chéim ar feadh na bliana. Déanfar athbhreithniú ar an gcóras seo i gcomhar leis na Leas-Phríomhoidí i mí Eanáir.

2.3 Ionchuir a Rianú agus Tuairisc a thabhairt ina leith

Straitéisí maidir le Tinreamh:

Bhí na hocht (8) scoil laistigh de BOOLI rannpháirteach i raon gníomhaíochta trína bpleananna tinrimh faoi seach chun na daltaí a spreagadh chun cur an méid is fearr is féidir le freastal ar an scoil. Áirítear ar na straitéisí seo, comhalta foirne ainmnithe a cheapadh le freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh laethúil, gradaim mhíosúla agus bhliantúla maidir le cúrsaí tinrimh a bhronnadh, lena n-áirítear, saoráid VSware a sholáthar do thuismitheoirí le monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí tinrimh a gcuid leanaí, Clubanna Bricfeasta, rannpháirtíocht

leis an gComhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (CTBSP) agus SCP, mar mhír ar an gclár do chruinnithe na Foirne Cúraim Scoile, tionscnamh do Thábhacht leis an Uile Lá, tionscnamh maidir le 5 Nóiméad a Ghlacadh, agus cruinnithe leis an Oifigeach Leasa Oideachais. Tá stádas DEIS ag 7 gcinn de na 8 scoil agus tá straitéisí maidir le tinreamh acu ina gcuid pleananna DEIS.

Rinne ceannaireacht na scoile agus na Foirne Cúraim Scoile monatóireacht, le linn do na scoileanna bheith dúnta i Ráithe 1 den bhliain 2021, ar rátaí tinrimh. Bhí rannpháirtíocht ar siúl idir tuismitheoirí agus Ceannairí Bliana, an Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (CTBSP), agus bainistíocht na scoile sa chás gur tháinig saincheistanna maidir le rannpháirtíocht chun cinn. Is mír rialta ar na cláir do chruinnithe an phríomhoide leis an DoS a bhí i gceist anseo.

Ráta Coinneála Daltaí ar Scoil:

Tá samhail de rátaí coinneála a thaifeadadh curtha le chéile ar fud 7 gcinn de scoileanna DEIS BOOLI i gcomhar leis an DoS agus le príomhoide an BVS. Bhí cruinniú ar siúl an 24 Samhain chun teimpléid a thabhairt chun críche a eiseofar ar an bhfoireann ar a bhfuil an fhreagracht monatóireacht a dhéanamh ar rátaí coinneála ar fud scoileanna BOOLI. Déanfar monatóireacht ar seo ar bhonn leanúnach laistigh de na scoileanna agus déanfaidh an DoS an mhonatóireacht ar bhonn bliantúil. Tá cruinnithe rialta pleanáilte ar feadh na bliana chun a chinntiú go gcuirtear tús réidh leis an bpróiseas.

Tá straitéisí i bhfeidhm ag scoileanna chun rátaí coinneála a fheabhsú, lena n-áirítear, rannpháirtíocht leis an tseirbhís Treorach Scoile Uile, curaclam cuí a sholáthar, clár aistrithe ó bhunscoil go meánscoil, tástáil cumas cognaíoch (Cat4) chun saincheistanna lena mbaineann údar imní a aithint, foirne RSO, foirne agus cláir folláine, rannpháirtíocht le foireann CTBSP, Foirne Cúraim Scoile, soláthar Treorach, béilí scoile, clubanna bricfeasta, clubanna dinnéir agus staidéar tar éis na scoile. Déantar monatóireacht agus rianú ar ráta coinneála iar-Ardteistiméireachta ar bhonn míosúil lena chinntiú go mbíonn tacaíocht á fháil ag mic léinn fásta sa chás go mbíonn tinreamh mar shaincheist. Cláraítear mic léinn ar an gcóras PLSS agus déanann an cheannaireacht athbhreithniú orthu chun críocha monatóireachta. Cuirtear tuarascáil iomlán maidir le líon na mac léinn chuig Bord BOOLI gach aon bhliain.

Gnóthachtálacha:

Tá rochtain ag tuismitheoirí ar thorthaí na ndaltaí agus ar bharúlacha agus aiseolas tríd an gcóras VShare i ngach ceann dár scoileanna. Bhí scoileanna rannpháirteach freisin i gcruinnithe múinteoirí is tuismitheoirí ar líne ar feadh na bliana 2021 mar gheall ar shrianta COVID- 19. Éilítear ar na scoileanna go léir, ag leibhéal BOOLI, torthaí scrúduithe scoile don tSraith Shóisearach, don Ardteistiméireacht agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach a chur faoi bhráid Stiúrthóir na Scoileanna. Mar sin féin, mar gheall ar na srianta leanúnacha, ní raibh próiseáil déanta ar thorthaí na Sraithe Sóisearaí ag leibhéal Choimisiún um Scrúduithe Stáit sa bhliain 2021. Feidhmíonn scoileanna le stádas DEIS raon straitéisí mar chuid dá bplean maidir le DEIS chun aghaidh a thabhairt ar ghnóthachtáil. Áirítear orthu seo: úsáid chuí acmhainní RSO, athbhreithniú ar an gcuraclam, difreáil, aiseolas scríofa agus ó bhéal atá ar ardchaighdeán, anailís leanúnach ar thorthaí i ngach scoil, spriocanna soiléire a leagan amach, clár TSCS, tástáil DATS/CATS, tráthnónta faisnéise do thuismitheoirí agus SCP. Cuirtear tuarascáil iomlán maidir le gnóthachtáil faoi bhráid Bhord BOOLI.

An tSraith Shóisearach 2021:

Ní raibh scrúduithe stáit na Sraithe Sóisearaí ar siúl sa bhliain 2021 mar thoradh ar na srianta leanúnacha. Lean na scoileanna ar fud BOOLI leis an gcur chuige ón mbliain 2020 áit ar reáchtáil scoileanna scrúduithe intí a rinne suas cuid den toradh deiridh do dhaltaí. Ar ghnéithe eile a bhí san áireamh sa ríomh tuairisceoir: measúnú ar thionscadal/obair chúrsa a cuireadh faoi bhráid ar feadh an dara (2) bliain agus an tríú (3) bliain agus measúnuithe ar thug na daltaí fúthu roimhe sin. Tugadh próifíl gnóthachtála na ndaltaí chun críche ag leibhéal scoile chun gnéithe ar nós folláine agus an cion a chuir siad le codanna eile de shaol na scoile a thabhairt san áireamh.

An Ardteistiméireacht agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2021:

Thug 440 dalta a gcuid oideachais dara leibhéal chun críche i mí an Mheithimh 2021. Mar gheall

ar shrianta COVID-19, bhí scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta roghnach do dhaltai agus bhí siad ar siúl in éineacht le Córas na nGrád Creidiúnaithe. Tugadh na scoileanna go léir suas chun dáta i rith an phróisis trí chruinnithe leanúnacha inar pléadh lóistíocht na bpróiseas. Cheap na scoileanna cúntóirí scrúdaithe agus scrúdaitheoirí seachtracha sa chás iad a bheith riachtanach. Sa chás gur roghnaigh daltaí scrúduithe foirmiúla a dhéanamh, rinneadh é sin i ngach ionad ar bhealach sábháilte ag teacht le srianta COVID-19. Chuir foirne bainistíochta scoile gráid chreidiúnaithe isteach a bhí ríofa trí chur chuige comhoibríoch ag leibhéal scoile agus eisíodh na gráid dheiridh i mí Meán Fómhair.

Bain na daltaí ar fud BOOLI torthaí den scoth amach, le 10% de na daltaí ag baint os cionn 550 pointe amach agus 32% de na daltaí ag baint os cionn 450 pointe amach agus 54.3% de na daltaí ag baint os cionn 350 pointe amach.

Roghnaigh 38 dalta tabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí a tháinig chun críche i mí an Mheithimh 2021. Bhain na daltaí torthaí den scoth amach agus chríochnaigh na daltaí go léir an clár go rathúil agus bhain 55% de na daltaí Grád le Gradam amach.

Cuirtear tuarascáil iomlán maidir le gnóthachtáil na ndaltaí ar fáil do Bhord BOOLI.

Dul chun Cinn:

Rinneadh forbairt ar Theimpléid Tuairiscíochta maidir le Dul chun Cinn agus scaipeadh iad ar na Treoirchomhairleoirí i scoileanna BOOLI i rith Meán Fómhair 2021. Tá sé mar aidhm leis na tuarascálacha seo forléargas a thabhairt ar bhealaí chun cinn na ndaltaí ar fhágáil na scoile dóibh gach bliain.

Chríochnaigh 440 an Ardteistiméireacht sa bhliain 2021. As na 440 dalta seo chuaigh 52% chun cinn chuig oideachas tríú leibhéal, chláraigh 13% de na daltaí ar chúrsa Iar-Ardteistiméireachta, thug 7% de na daltaí faoi phrintíseacht, fuair 10% de na daltaí fostaíocht, roghnaigh 0 de na daltaí an Ardteistiméireacht a dhéanamh arís, thóg 6% de na daltaí bliain shaor agus thug 3% de na daltaí faoi chúrsaí eile. Ní raibh conair ghairme roghnaithe ag an gcuid eile de na daltaí. Cuirtear tuarascáil iomlán maidir le conair ghairme na ndaltaí faoi bhráid Bhord BOOLI.

Gradaim Acadúla:

Rinne BOOLI athbhreithniú ar ghradaim sármhaitheasa don bhliain 2021 chun gradam an phríomhoide a thabhairt san áireamh do gach scoile, thug sé seo aitheantas don obair chrua a bhí curtha isteach ag na daltaí agus as an méid a bhí bainte amach acu in ainneoin na ndeacrachtaí ar thug siad aghaidh orthu ina saol scoile nó a chuir go suntasach le saol na scoile i rith a gcuid oideachais dara leibhéal. Mar gheall ar shrianta COVID-19, ní raibh sé ar chumas BOOLI óstach a dhéanamh ar Ghradaim Sármhaitheasa Acadúla Bhliantúla BOOLI arís sa bhliain 2021. Lean BOOLI leis na gradaim a dháileadh ag leibhéal scoile. Tugadh aitheantas do ghnóthachtáil acadúil 26 dalta as na torthaí acadúla ab fhearr ina scoil féin a bhaint amach san Ardteistiméireacht agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus fuair gach dalta pacáiste comhghairdis. Bháin ochtar (8) daltaí gradam an phríomhfheidhmeannaigh amach agus bronnadh corn saindeanta BOOLI orthu.

Tacaíochtaí do na Daltaí:

Chuir na scoileanna seirbhísí tacaíochta leanúnacha ar fáil do na daltaí. Áirítear ar na tacaíochtaí seo, Foirne Cúraim, Foirne RSO, Foirne Tacaíochta Daltaí, Foirne Folláine, Treoirchomhairleoirí, Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, Teagascóirí Ranga agus meantóirí do dhaltai. I mí na Samhna 2021, bhí scoileanna rannpháirteach i soláthar uaireanta RANGA chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn ar feadh phaindéim COVID-19. Áirítear ar thacaíochtaí i ndáil leis an tionscadal seo, tacaíocht ó thaobh ábhair de, tacaíocht agus treoir AE.

Déanann Stiúrthóir na Scoileanna rianú ar chigirí scoile gach aon bhliain. Bhí cigireacht SSPS ar siúl le linn na bliana 2021 agus fuarthas amach go raibh na scoileanna go léir a ndearnadh cigireacht orthu ag comhlíonadh go hiomlán na mbearta a bhain le COVID-19 a bhí tugtha isteach. Sa bhliain 2021, bhunaigh BOOLI Coiste Sláinte agus Sábháilteachta chun tacú le scoileanna agus le hionad lena chinntiú go raibh córais agus struchtúir i bhfeidhm ar mhaithe le hoideachas sábháilte na ndaltaí.

2.4 Saoráidí agus acmhainní a fheabhsú

Táthar ag leanúint le huasghrádú saoráidí scoile ar fud BOOLI.

Áirítear ar thionscadail reatha sna scoileanna:

Ardscoil Phádraig; Tá cead faighte do chóiríocht bhreise, le 5 sheomra ranga ginearálta, seomra ceoil, seomra ilmheáin, seomra teicstíilí, saotharlanna eolaíochta agus limistéar ullmhúcháin a thabhairt san áireamh. Tá cead faighte freisin do chóiríocht shealadach bhreise chun éascú a dhéanamh ar líon na ndaltaí atá ag dul i méid idir an dá linn. Bhí cruinnithe ar siúl cheana féin leis na Foirne Deartha.

- Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin: Tá cead tugtha le haghaidh tuilleadh cóiríochta le 4 sheomra ranga ginearálta, 2 sheomra ranga mar bhunáit don RSO, seomra teicstíilí, 2 shaotharlann eolaíochta agus limistéar ullmhúcháin, 2 Sheomra Grafaic Dearthóireacht agus Cumarsáide, 1 seomra ealaíne agus seomra stórála. Bhí cruinnithe ar siúl cheana féin leis na Foirne Deartha.
- Coláiste Pobail Bhaile na gCros: Áirítear síneadh 2/3 stór leis an bhforbairt ina bhfuil giomnáisiam ilúsáide agus áras aclaíochta, seomra ceoil fuaimdhíonach, leabharlann nua-aimseartha agus saotharlanna maidir le Grafaic Dearthóireachta agus Cumarsáide (DCG), Ealaín agus Eolaíocht agus bunáit don RSO. Tá foireann deartha ceaptha agus tionóladh an cruinníú tosaigh. Tá cead faighte freisin do chóiríocht shealadach bhreise chun éascú a dhéanamh ar líon na ndaltaí atá ag dul i méid idir an dá linn. Bhí cruinnithe ar siúl ar an láthair.
- Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne: Tá an fhorbairt ag 'Céim 1' agus áirítear 7 seomra ranga ginearálta, 1 seomra SET, 1 Saotharlann Eolaíochta agus Limistéar Ullmhúcháin, Seomra Grafaic Dearthóireacht agus Cumarsáide, Seomra Ceoil agus Seomra Teicstíle agus 2 Sheomra Ranga mar bhunáit don RSO, chomh maith le cóiríocht choimhdeach. Athsholáthar Seomra Réamhdhéanta, 1 seomra ranga ginearálta, 1 Limistéar itheacháin ilfheidhmeach, 1 seomra Tógála agus seomra Ullmhúcháin.
- Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: Tá cead tugtha le haghaidh tuilleadh cóiríochta le seomra ranga breise, Seomra Grafaice, Seomra Ceoil, Seomra Ilmheáin, Seomra Teicstíilí, leithris don fhoireann agus do na daltaí agus 2 sheomra ranga mar bhunáit SET. Tá cead faighte freisin do chóiríocht shealadach bhreise chun éascú a dhéanamh ar líon na ndaltaí atá ag dul i méid idir an dá linn.
- Coláiste Theampall Mhichíl: Tá cead tugtha le haghaidh 2 sheomra ranga mar bhunáit don RSO. Bhí cruinnithe ar siúl cheana féin leis na Foirne Deartha.

Áirítear ar thionscadail eile sna scoileanna:

- Gairmscoile Bhaile Uí Mhatháin: Deontas ceadaithe d'athchóiriú leithris mar chuid de Scéim Oibreacha an tSamhraidh.
- Coláiste Pobail Bhaile na gCros: Scéim Oibreacha Éigeandála ceadaithe chun aghaidh a thabhairt ar sceitheadh sa díon.
- Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne: Athchóiriú seomra TFC chun seomra a éascú don Ríomheolaíocht mar ábhar ar an gcuraclam.
- Coláiste Pobail Bhaile na gCros: Uasghrádú córas CCTV.
- Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: Suiteáladh fálú mar chuid de Scéim Oibreacha an tSamhraidh a chiallaíonn slándáil bhreise don scoil. Mar chuid den Scéim Oibreacha Éigeandála, tá soláthar agus suiteáil staighre éalaithe ceadaithe. Soláthar córas CCTV agus uasghrádú innealra i seomraí praiticiúla.
- Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr: Tá oibreacha éigeandála ceadaithe d'oibreacha séarachais leithris agus d'athlonnú dabhach ola. Tá aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne le haghaidh fuinneoga nua. Tá iarratas curtha faoi bhráid na Roinne freisin chun síneadh a chur le agus chun athchóiriú iomlán a dhéanamh ar an scoil.
- Coláiste Theampall Mhichíl: Athchóiriú ar an seomra Eacnamaíocht Bhaile.

Maoiniú breise mar gheall ar COVID-19:

Chuir an Roinn Oideachais maoiniú breise ar fáil arís chun tacú le scoileanna chun foirgnimh scoile a athrú, trealamh breise TFC a cheannach agus athchumrú a dhéanamh ar spás oideachais go

hinmheánach agus go seachtrach chun cur ar chumas scoileanna treoirlínte sábháilteachta a chomhlíonadh mar thoradh ar COVID-19. Áirítear ar athruithe, tralaithe ríomhaire glúine agus ríomhairí glúine oiriúnacha a cheannach do na seomraí ríomhairí athdheartha, suíocháin agus limistéir chlúdaithe bhreise lasmuigh, athruithe ar spásanna inmheánacha chun cur le líon na spásanna oideachais, uasghrádú a dhéanamh ar fhuinneoga agus ar dhoirse chun cur le haerú agus athrú a dhéanamh ar spásanna stórála chun cur an méid is fearr is féidir le spás i seomraí ranga.

Tionscadail Sheachtracha

Tacaíonn BOOLI freisin le 3 bhunscoil áitiúil ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun bainistiú a dhéanamh ar ollthionscadail leathnúcháin ar bhunscoil Naomh Tóla, Gaelscoil an Longfoirt agus Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh an Longfoirt. Tá gach aon cheann de na 3 scoil ag céim 1.

Music Generation:

Tá limistéir stórála chuí aitheanta agus á n-úsáid in oifigí BOOLI sa Longfort. Tá feithicil atáthar tar éis a cheannach as an nua á suiteáil chun feidhmiú mar stiúideo taifeadta soghluaiste.

2.5 FGL/ Meantóireacht Foirne

FGL Scoilbhunaithe:

Tacaíonn agus spreagann BOOLI an fhoireann go léir chun a bheith rannpháirteach san FGL. Áirítear ar na cúrsaí ar bhain foireann na scoile leas astu le linn na bliana 2021, oiliúint na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (JCT) atá sainiúil don ábhar agus don scoil uile, cláir L2LP don tSraith Shóisearach, folláine agus sábháilteacht ar líne, oideachas ar líne, leas a bhaint as guth na ndaltaí, pobail chleachtais leis an NCSE, cúrsaí RSO leis an NCSE, tacaíocht don Idirbhliain leis an PDST, Comhordú Éitis, feachtas maidir le féinmharú, oiliúint maidir le titimeas, oiliúint chomhordaithe JCSP, oiliúint maidir le feachtas ar LGBT, oiliúint EAL, seimineáir DEIS do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí nua-cheaptha, oiliúint Erasmus, oiliúint frithbhulaíochta, oiliúint maidir le measúnú agus le haiseolas, leanadh le hoiliúint MS Teams, Misneach agus Tánaiste do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí, oiliúint ón NBSS agus oiliúint inseirbhíse atá sainiúil don ábhar ón PDST. Fuair gach SNA sna scoileanna chomh maith le líon comhaltaí foirne eile oiliúint d'Fhreagróir Garchabhrach.

Cuireann 6 scoil Droichead ar fáil i gcomhar le 13 meantóir.

Cláir Ionductaithe BOOLI:

Éilítear ar gach comhalta den fhoireann teagaisc a chuireann tús le fostaíocht le BOOLI freastal ar Lá Ionductaithe do Chomhaltaí Nuacheaptha den Fhoireann Teagaisc. Mar gheall ar na srianta a bhain le COVID-19, b'éigean na seisiúin ionductúcháin go léir a reáchtáil go cianda. Bhí 19 comhalta foirne nuacheaptha rannpháirteach i Seisiún Ionductaithe Foirne an Aoine 10 Meán Fómhair, ar a fhreastail ceannairí scoile freisin.

D'fhreastail (3) triúr Príomhoidí agus (2) Beirt Leas-Phríomhoidí de chuid BOOLI ar Chomhdháil BOOÉ do Cheannairí Nuacheaptha a eagraíodh ar bhonn cianchruinnithe an 19 Lúnasa agus an 1 Deireadh Fómhair.

Bhí Príomhoidí go léir BOOLI rannpháirteach in (2) dhá sheisiún a bhí éascaithe ag saineolaí seachtrach i réimse na folláine. Bhí (3) triúr Príomhoidí rannpháirteach i seisiún cóitseála duine le duine le héascaitheoir agus bhí (3) triúr Príomhoidí rannpháirteach i seisiún cóitseála do phríomhoidí leis an CSL.

Oiliúint Riaracháin:

Cuireadh grúpoiliúint ar fáil do na Príomhoidí agus do na comhaltaí foirne riaracháin scoile go léir maidir le córas Acmhainní Daonna Core agus maidir le córais airgeadais. Cuireadh oiliúint maidir le hairgeadas aonair scoile ar fáil ar feadh na bliana freisin. Bhí na scoileanna rannpháirteach in oiliúint VShare do riarachán inmheánach agus do rannpháirtíocht le TUSLA, fuair na Boird Bhainistíochta go léir oiliúint ó Phríomhoide Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr maidir le feidhm an Bhoird Bainistíochta.

Music Generation:

Bhí FGL maidir le hoiliúint ar na meáin shóisialta ar siúl d'Oifigeach Forbartha Music Generation an 8-10/3/2021.

Bhí Oifigeach Forbartha Music Generation rannpháirteach freisin i gcúrsa Bainistíochta Oideachais maidir le Taibhiú Ceoil trí chruinnithe míosúla.

Bhí Oifigeach Forbartha Music Generation rannpháirteach chomh maith i gceardlanna maidir le cleachtas ionchuimsitheach oideachais an 27-29/10/2021.

Chuir BOOLI oiliúint ionductaithe ar fáil d'Oifigeach Riaracháin Music Generation an 7/7/2021.

Bhí cruinnithe tacaíochta agus meantóireachta ar siúl go leanúnach le hOifigeach Forbartha MGL agus leis an Stiúrthóir Scoileanna, Ógra agus Ceoil chun tacaíocht a thabhairt agus tuarascálacha maidir leis an fhaisnéis is deireanaí a chur chun cinn.

An tAonad um Obair Ógra:

Leann an tOifigeach Forbartha Óige le hionadaíocht a dhéanamh ar BOOÉ ar an Toscaireacht um Obair Ógra a raibh cruinnithe ar siúl acu ar bhonn ráithe leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Sprioc 3: Cumarsáid, Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TEC, lena n-áirítear, struchtúir maidir le hathúsáid córas agus clár

Tá 'Prionsabail don Oideachas agus don Oiliúint – Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí' tugtha chun críche agus le fáil lena fheiceáil ar láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.lwetb.ie/wp-content/uploads/2021/05/LWETB-Principles-for-Education-and-Training-Services-2021.pdf>

Tá an 'Straitéis Teagaisc agus Foghlama – Faisnéis agus Teicneolaíocht' críochnaithe agus le fáil lena fheiceáil ar láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.lwetb.ie/wp-content/uploads/2021/05/Teaching-and-Learning-Strategy-Information-and-Technology.pdf>

Baineann scoileanna go léir BOOLI úsáid as Office 365 agus baineann líon scoileanna úsáid as teicneolaíocht iPad. Tá Coistí Foghlama Digiteacha bunaithe i (7) seacht gcinn de scoileanna. Rinneadh infheistíocht leanúnach i ngairis agus i mbonneagar tacaíochta ar feadh na bliana 2021. Soláthraíodh FGL sna réimsí ina mbaintear úsáid as sraith Microsoft agus cuireadh oideachas maidir le sábháilteacht ar líne ar fáil sna scoileanna ar feadh na bliana.

3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt

Chuir BOOLI feabhas ar a láithreacht ar na meáin shóisialta le linn na bliana. Áiríodh anseo, forbairt leathanach nua Facebook chun béim a chur ar an obair leanúnach ar fud na heagraíochta. Cuireann Scoileanna, Ógra agus Ceol faisnéis ar fáil ar bhonn rialta lena chomhroinnt.

Rinne Music Generation an Longfoirt forbairt ar straitéis cumarsáide don bhliain 2021 chun deiseanna maidir le hoideachas taibhithe ceoil a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga sa Longfort, lena n-áirítear, láithreacht meáin shóisialta, nuachtlitreacha míosúla agus podchraoltaí míosúla a chruthú. Tá oifigeach riaracháin ceaptha ag Music Generation freisin agus tá raon naisc cruthaithe aige/aici leis na meáin shóisialta. Tá cainéal Youtube bunaithe acu freisin agus is féidir é sin a rochtain ag https://www.youtube.com/channel/UCh_bTnZpWhMhH15BBg1m3WQ

3.3 Foirne Comhoibríocha a fhorbairt

Líonraí Comhoibríocha:

Tá forbairt déanta ar feadh na bliana 2021 ar líon líonraí comhoibríocha ar fud scoileanna BOOLI. Áirítear orthu seo, fóram le haghaidh pleanáil na roinne ábhair a bhí á óstach ag príomhoide Choláiste Pobail Bhaile na gCros, grúpa comhordaithe Éitis a bhí á óstach ag Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne, Coiste Sláinte agus Sábháilteachta a bhí faoi chathaoirleacht an DoS agus grúpa straitéise coinneála agus tinreamh a bhí á óstach ag Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin.

Tá 3 chóitseálaí maidir le hilchuimsitheacht ó scoileanna difriúla ceaptha chun a bheith rannpháirteach i dtionscadal píolótach mapála um chuimsiú RSO. Beidh cruinniú ag na 3 chóitseálaí seo leis na CRSOanna go léir sna scoileanna atá fanta lena dtabhairt cothrom le dáta maidir le dul chun cinn agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Bhí cruinniú ag an DoS in éineacht leis na triúr príomhoidí agus chuir siad aiseolas ar fáil don BOOÉ maidir le hathchóiriú na hArdteistiméireachta.

Leanann BOOLI lena gcuid rannpháirtíochta le líonraí eile chun tacú le seachadadh a dhéanamh ar fhoghlaim, teagasc agus córais tacaíochta ar ardchaighdeán do scoileanna. Áirítear orthu seo, Líonra Riaracháin Scoileanna, Líonra na bhFeighlithe agus na nGlantóirí, Líonra na dTreoirchomhairleoirí agus Líonra na gCúntóirí Riachtanas Speisialta.

Ceannairí Scoil:

D'eagraigh Stiúrthóir na Scoileanna 10 gcruinniú do cheannairí ar feadh na bliana 2021. Tá forbairt déanta ar láithreán nua Foirne lena bhféadfaidh gach ceannaire scoile faisnéis a chomhroinnt agus tá rochtain ag an DoS ar an láithreán gréasáin seo.

Tionóladh cruinnithe pleanála na scoileanna aonair i rith na bliana agus bhí réimsí ar nós airgeadas, leithdháileadh, foirgnimh, TFC agus tionscadail i gceist.

Bhí cruinniú ag an DoS le Leas-Phríomhoidí scoile chun córas nua a bhunú chun gníomhaíochtaí FGL agus scoile, úsáid uaireanta ranga agus úsáid ionadaíocht éigeandála a thuairisciú.

3.4 Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí seachtracha a fheabhsú

Tá BOOLI rannpháirteach i líon comhpháirtíochtaí seachtracha agus déanann an bhainistíocht shinsearach ionadaíocht ar an eagraíocht ar líon grúpaí.

Tionscadail:

Leanann Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort agus Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr leis an gcomhoibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus le hOllscoil na hÉireann Mhá Nuad ar Thionscadal píolótach Connect. Is é atá mar chuspóir leis an gclár léargas a thabhairt do na daltaí ar shaol an choláiste agus ar rannpháirtíocht le mic léinn tríú leibhéal ó chúlraí den chineál céanna a thugann aiseolas dóibh ón taithí atá faighte acusan. Bhí cruinnithe ar siúl idir an DoS agus an tOifigeach Rochtana Tionscadal do TUS an 15 Samhain chun plé a dhéanamh ar chur chuige eile chun cumasú a dhéanamh ar chur chuige chumaisc i leith rannpháirtíocht le daltaí. Beidh rannpháirtíocht le grúpa reatha an 5ú bliain ar líne san Earrach agus ar an láthair sa bhFómhair i gceist leis an tionscadal seo. Tá éascú le déanamh ar scoileanna go léir BOOLI sna ceardlanna HEAR agus DARE.

Tá Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain ar an Scoil Cheannais sa Chiste Barr Feabhais Scoileanna - Bhraislí Cruthaitheacha. Is é atá mar chuspóir leis an tionscadal seo oideolaíocht foghlama bunaithe ar réiteach fhadhbanna atá cruthaithe a fheidhmiú chun léiriú a thabhairt ar an mbealach inar féidir cothú a dhéanamh ar chruthaitheacht trí fhadhbanna an tsaoil mar atá a chomhcheangal leis na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha. Oibríonn na scoileanna i gcomhpháirtíocht le TUS agus le líon scoileanna áitiúla. Tá Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain rannpháirteach freisin sa tionscnamh leanúnach TALENT (Foghlaim Ghníomhach agus Foghlaim Comhoibríoch Foireannbhunaithe chun Torthaí na nDaltaí a Fheabhsú) a dhíríonn ar straitéis teagaisc agus foghlama ar bhonn scoile uile amach anseo. Is clár Erasmus atá i gceist anseo le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS) Bhaile Átha Luain, Ollscoil Bradford, International Baccalaurete na hÍsiltíre agus Fundacion

Educacion Catolica na Spáinne. Tá sé mar aidhm le TALENT comhpháirtíocht straitéiseach idirnáisiúnta a bhunú chun acmhainní a fhorbairt agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí chun úsáid a bhaint as Foghlaim Foireannbhunaithe ar oideolaíocht ghníomhach agus comhoibríoch i líon scoileanna san Eoraip agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn aige.

Tá Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin rannpháirteach i dtionscnamh atá indéanta trí mhaoiniú SICAP agus atá á bhainistiú ag Acmhainní Pobail an Longfoirt Teoranta. Tá an scoil rannpháirteach i dtionscnamh Feirmeoireacht Shóisialta ar Fheirm Orgánach “an Ghrian Glas”. Tugann an taithí seo an deis do na daltaí feidhm a bhaint as an eolas agus as na scileanna teoiriciúla atá á fháil acu sa seomra ranga agus i bpolathollán na scoile le linn dóibh a bheith i mbonn oibre i ndáiríre i dtimpeallacht feirme.

Áirítear ar pháirtithe leasmhara eile:

Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Luain, Clubanna CLG réigiún Bhaile Átha Luain, Club Haca Bhaile Átha Luain, Club Rugbaí Buccaneers, Club Sacair Bhaile Átha Luain, Club Rotary Bhaile Átha Luain, Comhairle Baile, Bhaile Átha Luain, Grúpa Cruthaitheach Arcadia, Amharclann Dean Crow, Amharclann Bheag Bhaile Átha Luain, Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain, Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain, Foróige, Leabharlann Bhaile Átha Luain, Soroptimist, Comhar Creidmheasa Bhaile Átha Luain, Caisleán Bhaile Átha Luain, Ionad Ealaíon Bhaile Átha Luain, Ionad Ealaíon Ros Comáin, Club Cruicéid Bhaile Átha Luain, Club Gailf Bhaile Átha Luain, Club Gailf Ghlasáin, Club Gailf an Ghrianáin, Club Gailf an Mhóta, Club Iománaíochta Southern Gael, Clubanna Camógaíochta na hAbhantraí, Club Snámha Bhaile Átha Luain, Club Seoltóireachta Loch Rí, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Luain, NEPS, TUSLA, Gateway, NEWB, Cumann Lúthchleasa an Mhuilinn Chearr, Club Seamróige an Mhuilinn Chearr, Bailte Slachtmhara an Mhuilinn Chearr, SCP, EWS, NCSE, Decotek – BITC, CLG Chill Liúcainne, CLG Ráth Fhearna, Club Sacair, Chionn Átha Gad, Club Sacair Ráth Fhearna, Dcotek Bhaile na gCailleach, Comhar Creidmheasa an Mhuilinn Chearr, Bailte Slachtmhara Chill Liúcainne, Cumann Lúthchleasa na hIarmhí Thuaidh, CLG Ballycomoy, Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Mhatháin, Ionad Cúraim Lae Bhaile Uí Mhatháin, (tionscadal 'Bridging the Gap'), Ionad Acmhainní Bridgeways, Teach Altranais Thomond Lodge, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Leabharlanna Bhaile Uí Mhatháin, Fóram Óige Deoise Ardach agus Chluain Mhic Nóis, Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt, Cumann Sacair Ballyboro, Cumann Lúthchleasa Bhéal Átha Liag, Baile Slachtmhara Gránard, Ionad Acmhainní Lus na Gréine, Leabharlann Gránard, Ionad Acmhainní Rath Mhuire, CLG Naomh Muire, CLG Mhainistir Leathrátha, CLG Bhéal Átha Móir, Comhar Creidmheasa Gránard, Comhairle Ealaíon Comhairle Chontae an Longfoirt, Oifig Fiontraíochta an Longfoirt, Grúpa Táirgeoirí Irish Angus, Foróige, Kiernan Milling, GAISCE, Ailse Brollaigh na hÉireann, Comhairle na nÓg.

Ionadaíocht BOOLI:

Freastalaíonn Stiúrthóir na Scoileanna ar na Coistí seo a leanas:

- Music Generation Uíbh Fháilí agus na hIarmhí
- BOOÉ – SEN inclusion mapping
- BOOÉ – Pleanáil do Cheannairí Meánleibhéil
- Cathaoirleach ar Thascghrúpa RSO BOOLI
- Comhalta de Choiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt
- Coiste Forbartha na gCeannairí Meánleibhéil

Music Generation:

Soláthraíonn BOOLI i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Uíbh Fháilí (an Príomhchomhpháirtí), Comhairle Chontae na hIarmhí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí, clár Music Generation do dhaoine óga ar fud Chontae na hIarmhí. Oibríonn BOOLI freisin i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae an Longfoirt, Oifig Náisiúnta Music Generation agus Éire Chruthaitheach chun clár Music Generation a leathadh amach i gContae an Longfoirt. Mar Phríomhchomhpháirtí tá Oidí Ceoil fostaithe ag BOOLI faoi cheannaireacht Oifigeach Forbartha Music Generation agus tá oifig Music Generation lonnaithe in Oifig BOOLI, Bóthar an Bhataire, an Longfort.

Sprioc 4: Forbairt ar struchtúr eagraíochtúla éifeachtacha a chur chun cinn

4.1 Forbairt ar struchtúr eagraíochtúil a chur chun cinn

Chuir oiliúnóir BOOLI, atá mar Phríomhoide i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr oiliúint Bord Bainistíochta ar fáil do na scoileanna go léir. D'fhreastail an DoS agus an t-oiliúnóir ar cheardlann BOOÉ an 8 Nollaig maidir le “Teagasc agus Foghlaim” agus maidir le “Frithbhulaíocht” do Bhoird Bhainistíochta. Déanfar é sin a chur ar fáil do na scoileanna sa bhliain 2022.

Thionóil an rannóg airgeadais oiliúint do cheannairí scoile agus don fhoireann riaracháin an 24 Bealtaine. Leanadh an méid sin le seisiún oiliúna aonair do scoileanna. Thionóil an rannóg Acmhainní Daonna oiliúint do cheannairí scoile agus don fhoireann riaracháin an 22 Meán Fómhair.

Tá an DoS mar chomhalta de ghrúpa rannpháirtíochta ceannairí meánleibhéil don BOOÉ atá ag cruthú raon ceardlanna agus fóram comhoibríoch chun tuilleadh feabhais a chur ar obair na Leas-Phríomhoidí ar fud BOOanna. Tá a gcuid Riachtanais agus Tosaíochta do cheannaireacht scoile tugtha cothrom le dáta ag na scoileanna go léir ag teacht le hearcú Leas-Phríomhoidí breise ar fud na heagraíochta sa bhliain 2021.

D'fhreastail an DoS ar chruinnithe seachtainiúla leis an DoFET, DoOSD agus leis an bPríomhfheidhmeannach mar chuid den Fhoireann Ceannaireachta Sinsearach. Freastalaíonn an DoS freisin ar chruinnithe leis an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach (FBS) a chuimsíonn comhaltaí d'fhoireann shinsearach BOOLI agus SLT. Thionóil an DoS cruinnithe seachtainiúla leis an Aonad um Obair Ógra chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair leanúnach ar feadh na bliana 2021. Rinneadh córas nua a fhorbairt chun Deontais maidir le hObair don Ógra a rialú agus a riaradh agus úsáid á bhaint as OneDrive agus cuireadh tuarascálacha maidir le soláthar seirbhíse míosúil faoi bhráid ó thionscadail faoi stiúir na foirne. Rinne an DoS cathaoirleacht ar ghrúpa Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúil an Longfoirt a éascaíonn athbhreithniú ar chlár reatha agus chun dul i ngleic le riachtanais amach anseo.

4.2 Cur chuige a fhorbairt a chuireann le hacmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

Lean Príomhoide Choláiste Cholumba, Cill Liúcainne mar Chomhordaitheoir Éitis do BOOLI ar feadh na bliana. Is í Coláiste Pobail Bhaile na gCros an scoil phíolótach a roghnaíodh. Tá ceannaire tionscadal ceaptha sa scoil atá ag fáil tacaíocht ón Fhoireann Éitis. Tionóladh cruinniú leis an BOOÉ do scoileanna píolótacha an 8 Deireadh Fómhair. Tionóladh cruinnithe leis comhordaitheoir BOOLI an 11 Samhain. Tá láithreoir naisc ceaptha i scoileanna eile BOOLI go léir atá i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Éitis maidir leis an bhfaisnéis is deireanaí ó thaobh dul chun cinn. Tugann an comhordaitheoir na príomhoidí suas chun dáta ag fóram míosúil na bpríomhoidí.

Tá Grúpa Forbartha agus Athbhreithnithe Pleanála d'Ábhar bunaithe. Tá leas-phríomhoide roghnaithe ag gach scoil chun a bheith rannpháirteach sa ghrúpa a dhéanann athbhreithniú ar chleachtais phleanála i ngach scoil. Tá an grúpa i mbun oibre chun sraith acmhainní a chruthú a chuirfidh an deis ar fáil do phleanáil agus do chomhordú comhoibríoch ábhar ar fud BOOLI. Bhí cianchruinniú ag an ngrúpa an 7 Deireadh Fómhair agus beidh siad ag teacht le chéile ar bhonn rialta sa bhliain 2022.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ráitis Sláinte agus Sábháilteachta na scoileanna go léir tugtha chun críche ag na scoileanna. Tá cláir riosca curtha faoi bhráid ag gach scoil, ag Music Generation agus ag an Aonad um Obair Ógra ag eatrainmh ráithiúla ar feadh na bliana 2021. Bhunaigh BOOLI Coiste Sláinte agus Sábháilteachta chun tacú le scoileanna agus le hionaid lena chinntiú go mbíonn córais agus struchtúir i bhfeidhm ar mhaithe le hoideachas sábháilte na ndaltaí. Tháinig an Coiste le chéile an 12 Samhain agus tá sceideal curtha ar fáil do chruinnithe rialta ar feadh na bliana 2022. Thug comhlacht seachtrach faoi Mheasúnachtaí Riosca i ngach scoil agus ionad de chuid BOOLI sa bhliain 2021.

Foireann Freagartha Sábháilteachta Ionad Oibre do COVID-19

Lean DoS le hionadaíocht a dhéanamh agus bhí Príomhoide Scoile agus Leas-Phríomhoide scoile ar an fhoireann ar feadh na bliana 2021. Rinne an fhoireann athbhreithniú ar na ciorcláin agus ar na doiciméid go léir a bhí tugtha cothrom le dáta maidir le COVID- 19 agus sheol ar aghaidh chuig na scoileanna iad. Rinne na scoileanna go léir athbhreithniú ar a bpleananna freagartha agus thug a gcuid measúnachtaí riosca cothrom le dáta de réir mar a bhí gá leis. Chinntigh gach scoil go bhfuil an líon a éilítear d'ionadaithe na bPríomhoibrithe acu.

Oiliúint Airgeadais agus Acmhainní Daonna

Thionóil an rannóg airgeadais oiliúint do cheannairí scoile agus don fhoireann riaracháin an 24 Bealtaine chun ceanglais comhlíontachta a neadú. Leanadh é sin le seisiúin oiliúna aonair leis na scoileanna. Thionóil na rannóga Acmhainní Daonna oiliúint do cheannairí scoile agus don fhoireann riaracháin an 22 Meán Fómhair chun aghaidh a thabhairt ar athruithe ar bheartais, ar struchtúir tuairiscithe agus ar nósanna imeachta earcaíochta. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin maidir le húsáid an chórais CoreHR.

Iontrálacha

Thug na scoileanna go léir a gcuid beartas iontrála agus teimpléid cothrom le dáta ag teacht leis na doiciméid maidir le hacmhainní nua a bhí eisithe ag BOOÉ.

4.4 Rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

Leanann BOOLI agus an Stiúrthóir Scoileanna, Ógra agus Ceoil lena gcuidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna agus le BOOÉ maidir le fóiraim oideachais, grúpaí oibre agus seirbhísí comhroinnte a fhorbairt d'earnáil BOO. Áirítear orthu seo:

Scoileanna:

Rinne Príomhoide Cholaíste Pobail Bhaile na gCros ionadaíocht thar ceann cheannairí scoile BOOLI ar Fhóram na bPríomhoidí Scoile arna óstach ag BOOÉ. Scaip an t-ionadaí faisnéis faoi na saincheisteanna a pléadh agus an fhaisnéis a cuireadh in iúl ar cheannairí na scoileanna. D'fhreastail an DoS ar naoi gcinn de chruinnithe le Fóram Stiúrthóirí Scoileanna BOOÉ sa bhliain 2021. Tá an DoS mar chomhalta den RSO agus de Choistí na Ceannaireachta Meánleibhéil de BOOÉ.

Áirítear ar thionscadail le linn na bliana 2021:

An Bratach Ómra – Meabhairshláinte Dhearfach, An Bratach Glas – Feasacht maidir leis an gComhshaol; Nuálaithe Óga Sóisialta, Ranganna Cócaireachta (do thuismitheoirí), comhpháirtíocht leis an lucht tionsclaíochta go háitiúil maidir leis an Idirbhliain, club fiontraíochta, Cúrsa Cóitseála CLG don Idirbhliain, Caidreamh leis an lucht tionsclaíochta go háitiúil (m.sh. Taithí Oibre, Ullmhú CV srl.) Cláir de chuid an Gharda Síochána (m.sh. seisiúin feasachta maidir le drugaí, srl.), an Comhar Creidmheasa, Tionscnamh tinrimh, comhaireann gach lá, Brat FSS maidir le Cur chun cinn na Sláinte ar Scoil, Seachtain Feasachta LADT, Seachtain Feasachta LOI, Seachtain Feasachta na hEolaíochta, Seachtain Feasachta na Matamaitice, Seachtain Feasachta na Meabhairshláinte, na Bailte Slachtmhara, Ceardlanna Béasaíochta, Tionscadal maidir le Litreacha a Scríobh, Oibrithe Deonacha Áitiúla, Ceardlanna maidir le Scoileanna Staidéir, Ceardlanna Frithbhulaíochta, Ceardlanna Cibearbhulaíochta, Oiliúint ISSU do dhaltai, Seachtain do ghníomh ar son na haeráide, Gaisce, Seachtaine na Scoileanna Gníomhacha, Dúshlán maidir le hAirgead Cliste Bhanc na hÉireann, Seachtain na Gaeilge, Maor Ranga, Seachtain na

hlínealtóireachta, Seachtain Cairdis, lascaigh Intíre – Ceardlanna lascaireachta don Idirbhliain

Oiliúint ionchuimsithe do scoileanna:

Tá dhá scoil (2) rannpháirteach i dtionscadal píolótach mapála um chuimsiú RSO. Tá 3 chóitseálaí maidir le hilchuimsitheacht ceaptha ó laistigh de scoileanna BOOLI a chuideoidh leis na scoileanna píolótacha acmhainní RSO atá á n-úsáid ar fud na heagraíochta a aithint, a rianú agus a chur i bhfeidhm.

Comhordú Éitis:

Lean Príomhoide Choláiste Cholumba, Cill Liúcainne mar Chomhordaitheoir Éitis do BOOLI ar feadh na bliana 2021. Is í Coláiste Pobail Bhaile na gCros an scoil phíolótach a roghnaíodh. Tá ceannaire tionscadal ceaptha sa scoil atá ag fáil tacaíochta ón Fhoireann Éitis. Tionóladh cruinniú leis an BOOÉ do scoileanna píolótacha an 8 Deireadh Fómhair. Tionóladh cruinnithe le comhordaitheoir BOOLI an 11 Samhain. Tá láithreoir naisc ceaptha i scoileanna eile BOOLI go léir atá i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Éitis maidir leis an fhaisnéis is deireanaí maidir le dul chun cinn. Tugann an comhordaitheoir na príomhoidí suas chun dáta ag fóram míosúil na bpríomhoidí.

Sprioc 5: Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach leis an bhfoireann

5.1 Straitéis FGL do BOOLI

FGL d'fhoireann na scoile:

Tacaíonn agus spreagann BOOLI an fhoireann go léir chun a bheith rannpháirteach san FGL. Spreagtar ceannairí scoile chun a bheith rannpháirteach i gcóitseáil trí fhóiraim CSL, BOOÉ agus trí chóitseálaí a chuireann BOOLI ar fáil. Bhí 3 phríomhoide rannpháirteach i gcóitseáil leis an CSL ar feadh na bliana 2021, d'fhreastail 3 Phríomhoide agus 2 Leas-Phríomhoide ar Chomhdháil BOOÉ do Cheannairí Nuacheaptha a eagraíodh ar bhonn cianchruinnithe an 19 Lúnasa agus an 1 Deireadh Fómhair. Bhí Príomhoidí go léir BOOLI rannpháirteach in (2) dhá sheisiún a bhí éascaithe ag saineolaí seachtrach i réimse na folláine agus bhí (3) triúr Príomhoidí rannpháirteach i seisiún cóitseála duine le duine leis an éascaitheoir seo. Rinne Stiúrthóir na Scoileanna óstach ar 10 gcruinniú ceannaireachta ar feadh na bliana 2021 chun aghaidh a thabhairt ar nuashonrúcháin ábhartha agus ar phleanáil amach anseo.

Thionóil an rannóg airgeadais oiliúint do cheannairí scoile agus don fhoireann riaracháin an 24 Bealtaine. Leanadh é sin le seisiún oiliúna aonair do scoileanna. Thionóil an rannóg Acmhainní Daonna oiliúint do cheannairí scoile agus don fhoireann riaracháin an 22 Meán Fómhair. Cuireadh oiliúint ar fáil d'fheighlithe scoile sna réimsí láimhsiú sábháilte agus feacht sábháilteacht an 18 Bealtaine, rialú ceimiceach an 14 agus 28 Deireadh Fómhair, agus ag obair ag airde an 3 Meán Fómhair.

Bhí 19 comhalta den fhoireann teagaisc nuacheaptha rannpháirteach in Ionduchtú Foirne an Aoine 10 Meán Fómhair agus d'fhreastail ceannairí scoile ar an ócáid seo freisin.

Chuir an DoS in éineacht leis an gCeann Acmhainní Daonna teimpléad le chéile chun taifeadadh a dhéanamh ar an FGL a rabhtas rannpháirteach ann laistigh de na scoileanna. Cuirfear gach scoil isteach ar an teimpléad seo ar feadh na bliana féilire.

Lean scoileanna lena bheith rannpháirteach le Tara 365 chun seachadadh a dhéanamh ar TFC FGL i réimse oiliúna Microsoft Teams, lena n-áirítear, nuashonrúcháin, comhtháthú feidhmchláir eile agus comhroinnt acmhainní.

5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt chun cultúr nuálaíochta a chur chun cinn

Pobail Foghlama:

Tá pobail foghlama bunaithe i réimsí RSO agus i bPleanáil d'Ábhar. Bhí cruinniú ag grúpa an RSO

leis an DoS an 22 Samhain chun foireann comhoibríoch a chur i láthair chun a bheith i gcaidreamh le CROSanna ó gach scoil den 8 scoil de chuid BOOLI. Tabharfaidh sé seo tacaíocht d'obair chóitseálaithe um ionchuimsitheacht RSO atá lonnaithe ar fud na scoileanna píolótacha laistigh de BOOLI. Bhí a gcruinniú tosaigh ag an ngrúpa do Phleanáil d'Ábhar an 7 Deireadh Fómhair. Tá príomhoide cúnta roghnaithe ag gach scoil chun a bheith rannpháirteach sa ghrúpa a dhéanann athbhreithniú i gcomhar le chéile ar chleachtais phleanála do gach aon scoil. Tá an grúpa i mbun oibre ar shraith acmhainní a chruthú a chuirfidh an deis ar fáil do phleanáil d'ábhar ar bhonn comhoibríoch agus comhordaithe ar fud BOOLI.

Tuarascáil 2021 an Aonaid um Obair Ógra

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán, foghlaimoirlárnach a sheachadadh

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Cuireadh Plean Seirbhíse Obair Ógra 2021 chun cinn.

Feidhmiú iomlán na scéime maoinithe UBU – d'Áit, do Spás 2021, lena n-áirítear ceadú buiséid, leithdháileadh agus íocaíochtaí ráithiúla. Rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha go léir na bliana 2020 maidir le dul chun cinn agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige iad.

Chuir an tAonad um Obair Ógra maoirseacht ar fáil do 7 gcinn de thionscail faoi stiúir na foirne agus a bhí maoinithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a raibh athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Riaracháin agus Rialachais, cruinnithe athbhreithnithe maidir le pleanáil agus feidhmíocht do gach aon tionscadal, tionscadail airgeadais ráithiúla do gach aon tionscadal agus athbhreithniú ar an seicliosta bliantúil rialachais do gach eagraíocht maoinithe, i gceist leo.

Chuir an tAonad um Obair Ógra Tionscnaimh maidir leis an LGBTI+ agus le Tionscnaimh Fostaíochta don Aos Óg na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i bhfeidhm, trí chur chun cinn, measúnú agus leithdháileadh na Scéime Deontais LGBTI+ 2021, agus trí thuarascáil a chur faoi bhráid maidir le Tionscnaimh LGBTI+ 2018 – 2021 chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus cuireadh chun cinn, rinneadh measúnú agus leithdháileadh ar Thionscnaimh Tacaíochta Fostaíochta Spriocdhírthe don Aos Óg (TYESI) 2021 – 2022.

Chuir an tAonad um Obair Ógra riarachán ar fáil don Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla agus do scéimeanna tacaíochta eile do chlubanna faoi stiúir oibrithe agus grúpaí deonacha trí fhógraíocht, measúnú agus próiseáil íocaíochtaí do 26 club agus grúpa, chuir an tAonad tuarascáil maidir leis an scéim chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, rinneadh fógraíocht, measúnú agus próiseáil íocaíochtaí do 23 club i ndáil leis an Scéim Deontais do Threalamh do Chlubanna Óga.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta

Rinneadh suirbhé míosúil agus tugadh tuarascáil maidir le gach aon cheann de na 8 dtionscadal. Soláthraíodh tacaíocht d'eagraíochtaí maoinithe sna réimsí oiliúna, rochtain ar acmhainní, líonrú, deiseanna maoinithe, mar thoradh ar fhreagraí an tsuirbhé.

Bhí an tAonad um Obair Ógra rannpháirteach i Samhail Feabhsúcháin Leanúnach agus i dTionscnaimh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige trí rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar feadh na bliana 2021, ag cur aiseolas ar fáil do BOOÉ agus don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil le YEI, tionscnaimh maidir le Teacht Aniar agus Éifeachtacht UBU agus Scéimeanna Maoinithe Caipitil. Chuir an tAonad um Obair Ógra riarachán ar fáil agus cuireadh tionscnaimh maidir le Teacht Aniar agus Éifeachtacht UBU 2021 i bhfeidhm.

Cuireadh Creat Rannpháirtíochta um an Fheidhmíocht agus an Maoirseacht UBU i bhfeidhm do 7 dtionscadal ar feadh na bliana 2021.

1.5 Freagraí nuálacha a aithint do riachtanais reatha agus do riachtanais amach anseo

Rannpháirtíocht i measúnú agus i ndearadh na huirlise nua do Phróifíliú Ceantair agus Measúnú Riachtanais na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Comhoibriú leanúnach le Music Generation an Longfoirt i ndáil le seachadadh a dhéanamh ar thionscnaimh oideachais ceoil do thionscadail óige áitiúla.

D'ullmhaigh an tAonad um Obair Ógra agus chuir iarratas faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige do Phróiseas Roghnaithe 2022 – 2023 faoi Sheirbhís Nua UBU thar ceann BOOLI. Aithníodh dhá cheantar le Seirbhísí Nua UBU a fhorbairt iontu.

Sprioc 2: Feabhas a chur ar thaithí foghlama agus ar thorthaí d'fhoghlaimoirí

2.4 Feabhas a chur ar shaoráid agus ar acmhainní

Rinneadh €54,540 a leithdháileadh ar 5 thionscadal óige faoi stiúir na foirne agus ar 23 club óige faoi stiúir oibrithe deonacha chun cuidiú a thabhairt ó thaobh deisiúcháin, uasghrádú saoráidí agus chun trealamh a cheannach.

Rinneadh €18,856 a leithdháileadh ar 4 thionscadal óige faoi stiúir na foirne agus ar 19 club óige faoi stiúir oibrithe deonacha faoi Scéim Miondeontais COVID-19 chun tacaíocht a thabhairt le seirbhísí a athoscailt.

Rinneadh €598,705 a leithdháileadh ar 7 dtionscadal óige faoi stiúir na foirne

Rinneadh €52,028 a leithdháileadh ar Sheirbhís Faisnéise don Óige

Bronnadh €59,171 faoin Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ar 27 club agus grúpa óige deonach

Rinneadh €6,065 leithdháileadh ar 2 thionscadal óige faoi stiúir na foirne ar mhaithe le huaireanta breise oibrí óige

Bronnadh €5,000 ar 2 thionscadal óige faoi stiúir na foirne faoi Thionscnamh LGBTI+

Rinneadh €4,000 a riaradh thar ceann Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Lár Tíre (TFRDALT) do ghrúpa deonach amháin

Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú

3.4 Comhpháirtíochtaí agus comghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí seachtracha a fheabhsú

- Comhoibriú leanúnach le Music Generation an Longfoirt chun oideachas ceoil a sheachadadh trí thionscadail óige áitiúla.

Rinne an tOifigeach Óige ionadaíocht thar ceann BOOLI ar na grúpaí agus ar na coistí seo a leanas sa bhliain 2021:

- LCDC na hIarmhí.
- Fochoiste Éire Shláintiúil na hIarmhí.
- Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC).
- Grúpaí Stiúrtha Chomhairle na nÓg, an Longfort agus na hIarmhí.
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Lár Tíre (TFRDALT).
- Foirne RAPID, an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain.
- Grúpaí Oibre Forbartha Pobail.
- Fóram Spóirt agus Caitheamh Aimsire na hIarmhí.
- TUSLA CFSN

Sprioc 4: Forbairt struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha a chur chun cinn

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Tá buiséad iomlán de €975,712 ag an Aonad um Obair Ógra.

Rinne an tAonad um Obair Ógra 10 scéim maoinithe ar leith a riaradh thar ceann na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ar scéim maoinithe amháin ón Roinn Sláinte.

Rinne an tAonad um Obair Ógra maoiniú de €798,365 a riaradh ar 8 dtionscadal faoi stiúir na foirne agus ar 27 grúpa agus club deonach.

Rinneadh 115 íocaíocht/idirbheart aonair a riaradh.

Rinneadh monatóireacht ar na sruthanna maoinithe go léir ar feadh na bliana agus chuir ceann na feidhme airgeadais i bpríomhoifig BOOLI agus an DoS maoirseacht bhreise ar fáil. Thionól an Príomhfheidhmeannach, an DoS agus an tOifigeach Óige cruinniú rialachais leis na heagraíochtaí maoinithe go léir an 22 Márta.

Rinneadh córas nua a fhorbairt do rialú agus do riaradh Deontais Obair Óige agus úsáid á bhaint as OneDrive. Cuireadh tuarascálacha míosúla maidir le soláthar faoi bhráid ó thionscadail faoi stiúir na foirne.

Tá comhaontú seirbhíse i bhfeidhm le 5 eagraíocht maoinithe.

Bhí Measúnú Riosca an Aonaid um Obair Ógra san áireamh i gClár Riosca BOOLI.

4.4 Rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

D'oibrigh an tAonad um Obair Ógra ar bhonn comhoibríoch le comhghleacaithe ar fud earnáil BOO:

- Is comhalta an tOifigeach Óige de Líonra Obair Ógra BOOÉ.
- Is comhalta an tOifigeach Óige de thoscaireacht de chuid BOOÉ a mbíonn cruinniú in aghaidh na ráithe acu leis an RLCMLÓ.

Tuarascáil 2021 Music Generation

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna gairmiúla ar ardchaighdeán, foghlaimoirlárnach a sheachadadh

1.3 Pleanáil agus comhordú cláir

Thionóil Music Generation an Longfoirt cruinnithe foirne le hoideoirí ceoil i ngrúpaí seánraí sonracha ar mhaithe le cur chuige aonghnéitheach teagasc a fhorbairt laistigh de gach socrúchán; Luathbhlianta, Traidisiúnta, uailéile, Drumming around the World, agus Teicneolaíocht an Cheoil. Chomh maith leis sin, chuir Music Generation an Longfoirt oiliúint shainiúil ar fáil d'oidoirí ceoil sna réimsí seo.

Bhí Music Generation an Longfoirt rannpháirteach leis an iliomad eagraíochtaí i gContae an Longfoirt sa bhliain 2021 chun cláir taibhithe ceoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Mar gheall ar COVID-19, cuireadh tús leo seo ar ardán ar líne agus bogadh ansin go foghlaim mheasctha agus chuig teagasc ar an láthair é.

Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt:

D'oibrigh Music Generation i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt, agus rinne seachadadh ar chlár ceoil le ceithre ghrúpa dá gcuid:

Grúpa Fear ón tSiria, Grúpa Ban ón tSiria, Grúpa Romach agus Grúpa i Soláthar Díreach.

Bhí an rannpháirtíocht ar siúl trí mheascán de theagasc ar líne agus ar an láthair.

Coiste Cúraim Leanaí Chontae an Longfoirt:

Tá Clár Luathbhlianta á reáchtáil ag Music Generation in 11 saoráid ar fud an Longfoirt trí rannpháirtíocht ar líne le socrúchán cúram leanaí agus tá 330 leanbh rannpháirteach.

Foróige an Longfoirt:

D'oibrigh Music Generation le Foróige an Longfoirt agus rinneadh seachadadh ar 2 chlár a mhair 8 seachtaine le linn dóibh a bheith i mbun reáchtála a gclár don samhradh sa Léiriú Ceoil agus sa Drumadóireacht Afracach.

Cláir cheoil ar líne Music Generation an Longfoirt:

Reáchtáil Music Generation mol cheoil ar líne leis an méid seo a leanas a sheachadadh, méarchlár, fonnadóireacht, drumáí, uailéile, giotár agus dord giotár chun an bhunchloch a leagan síos le banna ceoil pop/rac-cheol agus ensemble a bhunú.

Reáchtáil Music Generation mol do Léiriú Ceoil agus do Chumadh Amhráin do thosaitheoirí suas chomh fada le leibhéal inmheánach.

Bhog Music Generation chuig suímh ina gcuirtear ceachtanna ar fáil do ghrúpaí beaga i méarchlár, fonnadóireacht, drumáí, uailéile, giotár, dord giotár. (Mol Ceoil Dhroim Lis agus Scoil Rac-Cheoil an Longfoirt)

Scoileanna:

Tionóladh ceachtanna do Dhrumadóireacht Afracach, do na Luathbhlianta agus don Uailéile in 16 bunscoil trí ardán ar líne. Tugadh na huirlisí ar iasacht do na scoileanna. Rinneadh an seachadadh a sholáthar ar líne i Meán Fómhair 2021.

Tá ceachtanna drumadóireachta do na hldirbhlianta i socrúchán iar-bhunscoile á gcur i láthair in dhá scoil. Tá teagasc i ngrúpa beag do na daltaí tugtha isteach ag scoil eile maidir le méarchlár, drumadóireacht, uailéile, giotár agus dord-giotár.

Ceol Traidisiúnta - Music Generation an Longfoirt:

Tionóladh teagasc maidir leis an bPíob Uilleann i Leabharlann Dhroim Lis.

Rinneadh ranganna a chur ar fáil don Fheadóg Stáin do Theaghlaigh inar ghlac 120 duine páirt, 68 leanbh agus 39 teaghlach.

Tá 29 ceoltóir rannpháirteach in Ensemble Traidisiúnta i Leabharlanna Bhaile Uí Mhatháin.

Cuirtear ceachtanna grúpa san uailéile ar fáil ar bhonn seachtainiúil i gcomhpháirtíocht le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Lus na Gréine sa Ghránard. Tionóladh ceardlann seachtaine chúig lá inar cuireadh ceachtanna drumadóireachta, cumadóireachta, uailéile agus luathbhlianta ar fáil i Lus na Gréine.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta

Thug Music Generation dhá Athbhreithniú Cáilíochta chun críche ar feadh na bliana 2021, a bhí éascaithe agus a fuair treoir ó Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation agus le rannpháirtíocht ón MDO, oideoirí ceoil a bhí bainteach le cláir agus saineolaí seachtrach maidir leis an seánra ceoil. Ar an dá cheantar a athbhreithníodh bhí drumadóireacht ar líne i nGairmscoil Bhaile Uí Mhatháin agus físeán réamhthaifeadta Luathbhlianta Chruinniú na nÓg.

1.5 Freagraí nuálacha a aithint do riachtanais reatha agus do riachtanais amach anseo

Cuireadh cláir oideachais taibhithe ceoil ar fáil ó ardán ar líne mar fhreagra cruthaitheach ar phaindéim reatha COVID-19. Bhí trí shraith sna pleananna do na cláir go léir sa bhliain 2021:

- 100% den foghlaim ar líne
- Foghlaim chumaisc
- Foghlaim ar an láthair

Bhí 100% den rannpháirtíocht ar líne le linn ráithe 1 agus 2, tugadh isteach foghlaim chumaisc ar feadh Ráithe 3 agus bogadh go teagasc ar an láthair le linn Ráithe 4.

Cheannaigh Music Generation an Longfoirt feithicil agus aistríodh go mol/stiúideo taistil ceoil le linn Ráithe 4 den bhliain an fheithicil seo. Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil do thaibhiú ceoil ar bhonn ionchuimsitheach do leanaí agus do dhaoine óga i gceantair thuaithe an Longfoirt.

Éascóidh bunú Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Áitiúil an t-athbhreithniú ar chlár reatha lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha i gcónaí agus in ann freastal ar riachtanais amach anseo.

Sprioc 2: Feabhas a chur ar thaithí foghlama agus ar thorthaí d'fhoghlaimeoirí

2.1 Aiseolas ó Foghlaimeoirí agus ó Thuismitheoirí

Cruthaíodh agus scaipeadh foirmeacha aiseolais ar líne do na foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí go léir, do shaoráidí luathbhlianta agus do scoileanna mar chuid den bhailiú sonraí do Ráiteas Straitéise 2022-2027. Tá an fhaisnéis seo curtha faoi bhráid Music Generation lena athbhreithniú.

2.2 Foghlaim le Cuidiú TEC

Déanann léiriú ceoil agus na cláir chumadóireachta ar líne go léir Music Generation an Longfoirt rannpháirtíocht go hidirghníomhach le daltaí trí úsáid a bhaint as pacáiste bogearraí Soundtrap agus Protocols.

Sheol Music Generation an Longfoirt sraith podchraoltaí mar chuid dá straitéis chumarsáide nua don bhliain 2021. Baintear úsáid as Audio Boom chun ábhar a scaipeadh óna ardán chuig ardán níos mó ar nós Spotify agus iTunes.

Tá High Cut Pro ceannaithe agus á úsáid ag Music Generation an Longfoirt chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhíseáin ar ardchaighdeán le taithí na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn.

2.3 Torthaí a Rianú agus Tuairisc a thabhairt ina leith

Chuir Oifigeach Forbartha Ceoil, Music Generation an Longfoirt tuarascáil ar fáil do Stiúrthóir

Scoileanna, Óige agus Ceoil BOOLI trí chruinnithe míosúla.

Chuir Oifigeach Forbartha Ceoil, Music Generation an Longfoirt na tuairisceáin airgeadais go léir faoi bhráid rannóg airgeadais BOOLI don athbhreithniú ráithiúil.

Tá na tuairisceáin airgeadais go léir, tuarascáil amháin maidir le staitisticí curtha faoi bhráid agus dhá chur i láthair maidir leis an fhaisnéis is deireanaí déanta ag Music Generation an Longfoirt chuig Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation le linn na bliana 2021.

D'fhreastail Music Generation an Longfoirt ar dhá chruinniú le Comhairle Contae an Longfoirt sa bhliain 2021 agus cuireadh an fhaisnéis is deireanaí maidir le déanamh clár ar fáil.

Thug Oifigeach Music Generation (MGO) Oiliúint agus Oideachas Ceannaireachta agus Bainistíochta (LMET) Music Generation an Longfoirt cothrom le dáta maidir le torthaí agus glacadh le clár ar fud an chontae.

2.4 Saoráidí agus acmhainní a fheabhsú

Baineann Music Generation an Longfoirt úsáid as córas scanta agus barrachóid leabharlainne anois chun na huirlisí agus an trealamh ceoil go léir a rianú.

Tá limistéir stórála cuí aitheanta in oifigí BOOLI sa Longfort.

Tá feithicil a ceannaíodh le gairid á feistiú chun feidhmiú mar stiúideo taifeadta soghluaiste.

Tá banc uirlisí agus leabharlann ceoil socraithe suas ag Music Generation an Longfoirt chun freastal ar na riachtanais uirlisí ceoil a fháil ar iasacht ar fud an chontae agus clár a sholáthar leis na huirlisí a theastaíonn le clár rathúil a chur ar fáil. Cuireann leabharlanna Bhaile Uí Mhatháin agus Ghránaird uirlisí ceoil ar fáil lena dtabhairt ar iasacht mar chuid den tionscnamh idir Music Generation an Longfoirt agus Seirbhís Leabharlainne an Longfoirt.

2.5 FGL/ Meantóireacht Foirne

Tugadh faoi FGL d'oideoirí ceoil ar feadh na bliana 2021, a bhí curtha ar fáil ag saineolaithe i ngach réimse sna seánraí seo a leanas:

Luathbhlianta – 31/1, 28/2, 28/3, 25/4/2021

Léiriú/Rac/Pop – 14/2, 15/2/2021

Drumadóireacht – 22/1, 29/1, 5/2, 12/2, 7/7, 8/7, 9/7/2021

Ucailéile – 26/8, 27/8/2021

Tugadh faoi FGL freisin in oiliúint ar na meáin shóisialta d'Oifigeach Music Generation an 8-10/3/2021.

Bhí Oifigeach Music Generation (MGO) rannpháirteach freisin i gcúrsa Bainistíochta Oideachais Taibhithe Ceoil leanúnach trí chruinnithe míosúla.

Bhí Oifigeach Music Generation (MGO) rannpháirteach freisin i gceardlanna cleachtais ionchumsitheacha an 27-29/10/2021.

Chuir BOOLI oiliúint ionductúcháin ar fáil d'Oifigeach Riaracháin Music Generation an 7/7/2021.

Sprioc 3: Cumarsáid, Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TEC, lena n-áirítear, struchtúir maidir le hathúsáid córas agus clár

Bhain Music Generation an Longfoirt úsáid as Microsoft Teams agus as Zoom Pro chun tabhairt faoi chruinnithe ar líne agus chun foghlaim ar líne a éascú.

Leanann Music Generation an Longfoirt le córais agus cláir rialachais a chomhlíonadh atá i bhfeidhm ag BOOLI d'athbhreithnithe agus do nuashonrúcháin airgeadas, earcaíocht agus rannpháirtíocht.

Baintear úsáid as Soundtrap, ProTools, agus as banna rac-cheoil chun leanaí agus daoine óga a mhúineadh.

3.2 Straitéis chumarsáide a fhorbairt

Rinne Music Generation an Longfoirt straitéis chumarsáide a fhorbairt don bhliain 2021 chun deiseanna oideachais taibhithe ceoil a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga i gContae an Longfoirt, lena n-áirítear, láithreach meán sóisialta, nuachtlitreacha míosúla agus podchraoltaí míosúla a chruthú.

Tá ailt foilsithe ag Music Generation an Longfoirt go náisiúnta; in iris an Irish Times, san RTÉ Culture, agus ar RTÉ Network 2 News2Day.

3.3 Foirne comhoibríocha a chruthú

D'oibrigh Music Generation an Longfoirt go dlúth le comhpháirtithe maoinithe – Comhairle Contae an Longfoirt agus Éire Chruthaitheach chun seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán do dhaoine óga a chinntiú.

Thapaigh an chomhpháirtíocht idir leabharlanna áitiúla an deis le Leabharlanna Dhroim Lis agus Bhaile Uí Mhatháin a úsáid chun cláir ceoil sa tráthnóna i bPíb Uilleann agus in ensemble traidisiúnta a thionóil. Tá scéim uirlisí ar cíós tugtha isteach ag Leabharlanna Bhaile Uí Mhatháin agus Gránaird i gcomhar le Music Generation an Longfoirt.

Freastalaíonn an tOifigeach Forbartha Ceoil ar chruinnithe Foirne Cultúir ar bhonn ráithe, bíonn sé seo éascaithe ag Comhairle Contae an Longfoirt. Thug Music Generation an Longfoirt tacaíocht do thionscnaimh áitiúla ar nós Cruinniú na nÓg agus an Fhéile Ealaíon Cruthú trí cheardlanna ceoil a chur ar fáil.

Tá cláir fhadtéarmacha curtha i bhfeidhm ag Music Generation an Longfoirt sna naíolanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna áitiúla agus tá campaí samhraidh maidir le taibhiú ceoil curtha ar fáil acu i gcomhar le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Lus na Gréine agus le Foghlaimoirí Óga Bhéal Átha na Lao.

Tá moil cheoil socraithe suas ag Music Generation an Longfoirt sa Ghránard, Droim Lis, Baile Uí Mhatháin agus thóg siad comhordú mol rac-cheol Scoile an Longfoirt ar lámh.

Déanfaidh bunú grúpa Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúil éascú ar an athbhreithniú ar na cláir reatha lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha i gcónaí agus in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais amach anseo.

3.4 Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí seachtracha a fheabhsú

Tá Music Generation an Longfoirt rannpháirteach ar bhonn leanúnach le hOifig Forbartha Náisiúnta Music Generation, le Comhairle Contae an Longfoirt, le hÉire Chruthaitheach an Longfoirt, le Seirbhísí Óige an Longfoirt, le Coiste Cúram Leanaí an Longfoirt, le Foróige agus le Foirne Cultúir an Longfoirt. Leanann an tOifigeach Forbartha Ceoil le tuairisciú a dhéanamh agus ag oibriú le hOifig Forbartha Náisiúnta Music le cláir oideachais taibhithe ceoil ar ardchaighdeán a chinntiú.

Tugadh an fhaisnéis is deireanaí maidir le cláir, forbairt agus tionscnaimh Music Generation an Longfoirt do BOOLI i Meán Fómhair; do Chomhairle Contae an Longfoirt sa Mhárta, i mí Iúil agus i mí na Nollag agus d'Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation san Aibreán.

Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha a chur chun cinn

4.2 Cur chuige a fhorbairt a chuireann le hacmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

D'earcaigh Music Generation an Longfoirt Riarthóir lánaimseartha i Ráithe 1 den bhliain 2021. Bhí 15 Oideoir Ceoil ar an bpainéal ag Music Generation don bhliain 2021.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud an BOOLI

Lean Music Generation ag cloí agus ag comhlíonadh beartais agus prótacail, treoirlínte sábháilteachta, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus beartais sábháilteachta agus cosanta leanaí BOOLI.

Bhí Music Generation an Longfoirt rannpháirteach leis an DOS chun a chinntiú go bhfuil monatóireacht á dhéanamh ar bhuiséid, ar leithdháileadh foirne agus ar riachtanais soláthair.

4.4 Rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

Oibríonn Music Generation an Longfoirt go dlúth agus faigheann tacaíocht agus chomhairle ó limistéir seanbhunaithe Music Generation ar fud na tíre. Tugann Music Generation an Longfoirt tacaíocht dá chuid oideoirí ceoil trí oiliúint ó shaineolaithe ar fud na tíre a chur ar fáil dóibh agus tacaíonn lena rannpháirtíocht i dtionscnaimh oiliúna náisiúnta atá eagraithe ag Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation.

Sprioc 5:

N/A

Tuarascáil 2021 Breisoideachas agus le hOiliúint (BOO)

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, ar ardchaighdeán agus atá foghlaimeoirilárnach a sholáthar

1.1 Cairt Foghlaimeora a Chruthú do BOOLI

Tugadh Cairt Foghlaimeora chun críche mar chuid d'obair an Aonaid um Dhearbhú Cáilíochta agus na nGrúpaí Rialachais maidir le Dearbhú Cáilíochta. Tá cóip den chairt ar fáil ar láithreán gréasáin BOOLI faoin roinn maidir le Dearbhú Cáilíochta don Bhreisoideachas agus don Oiliúint www.lwetb.ie/quality-assurance-provider/.

1.2 Straitéis Teagasc agus Foghlama BOOLI a Fhorbairt

Tháinig deireadh le tréimhse shonraithe Straitéis Forbartha Gairmiúil BOO 2017-2019 agus bhí próiseas comhairliúcháin ar bun leis na BOOanna go léir ó thaobh forbairt a dhéanamh ar straitéis nua do na blianta 2020- 2024. Bhí BOOLI rannpháirteach i bpróiseas comhairliúcháin SOLAS agus tá teagasc agus foghlaim ar cheann de na príomhréimsí fócais sa straitéis nua i gcónaí. Tá Straitéis Teagasc agus Foghlama ag BOOLI agus is féidir an straitéis seo a fháil ag www.lwetb.ie/quality-assurance-provider/.

Tá Stiúrthóir BOO mar chomhalta de Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta SOLAS maidir le Foghlaim agus Forbairt PL&D leasaithe nuabhunaithe, an Comhchoiste Stiúrtha don Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na foirne atá ag obair laistigh d'earnáil BOO. Tá tionchar ag Stiúrthóir BOO, sa chail seo, ar bheartas agus ar thiomantas PL&D náisiúnta ó SOLAS agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Aithníodh teagasc agus foghlaim mar cheann de na 7 réimse straitéiseach don earnáil agus dá réir sin cuireadh an t-ábhar seo chun cinn le linn na bliana 2021 laistigh de BOOLI trí dheiseanna breise foghlama a sholáthar d'oideoirí sa BOO.

Rinneadh forbairt ar Chreat d'Fhorbairt Ghairmiúil BOO sa bhliain 2020 agus cuireann an Creat seo próiseas foirmiúil ar fáil don fhoireann go léir ó thaobh deiseanna forbartha gairmiúla a éileamh agus tá sé mar bhonn taca le hobair fhorbartha amach anseo. Rinneadh forbairt ar phlean PL&D don bhliain 2021 chomh maith le bunachar sonraí a fhorbairt chun na críche taifeadadh a dhéanamh ar PL&D na foirne go léir a bhíonn tugtha chun críche. Cuireann na forbairtí seo an deis ar fáil dúinn iarratais ar thuarascálacha ó SOLAS a éascú ar feadh na bliana agus ullmhú a dhéanamh d'athbhreithniú tionscnaimh QQI atá le tosú sa bhliain 2022.

Shonraigh foireann bainistíochta BOO BOOLI chomh maith le comhordaitheoirí BOO agus comhordaitheoir TEL tionscadail TEC le haghaidh na bliana 2021 a chuir leis an Straitéis Teagasc agus Foghlama. Áirítear ar thionscadail, uasghrádú ríomhairí d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann agus suiteáladh saoráidí breise teileachomhdhála i líon d'ionaid BOO chun cuir le taithí foghlama na rannpháirtithe agus tacú le foghlaim chumaisc.

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Chuir Stiúrthóir BOO cion le Plean Seirbhíse 2021 BOOLI a cheadaigh an bord ansin, rinne an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearach athbhreithniú ina dhiaidh sin ar an bplean seirbhíse ag ceithre chéim le linn na bliana. Aithníodh, mar chuid de phróiseas athbhreithnithe, tionscnaimh nua BOO agus cuireadh chun cinn iad mar fhreagra ar riachtanais cliant atá ag teacht chun cinn agus tá siad seo mionsonraithe faoi chodanna eile den tuarascáil.

Tugadh teimpléid go léir maidir le hlarratais ar Leithdháileadh Deontais (FAR 1, 2, 3 4 agus FARR) chun críche agus cuireadh faoi bhráid SOLAS iad le linn na bliana 2021. Chuimsigh siad seo pleanáil agus buiséadú do chlár BOO go léir agus bhí olltorthaí buiséadacha rialta chuig SOLAS i gceist leis sin.

Rinne SOLAS athbhreithniú foirmiúil ar dhul chun cinn BOOLI maidir le Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta SOLAS i mí na Nollag 2019. Mar sin, mar gheall ar shrianta COVID-19 le linn na bliana 2020 agus 2021 ní raibh aon chruinnithe eile ann. Meastar go mbeidh tuarascáil na bliana 2021 ar fáil do BOOLI sa bhliain 2022. Tá béim curtha ag SOLAS ar an tábhacht a bhaineann le próiseas rannpháirtíochta SOLAS-BOO chun sraith nua comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta a fhorbairt don bhliain 2022 agus níos faide ar aghaidh. Cuirfear tús leis an bpróiseas seo i bhFeabhra 2022 agus cuirfear tús le comhráite straitéiseacha in Aibreán 2022, agus é beartaithe na comhaontuithe deiridh a bheith curtha i bhfeidhm do mhíonna na Bealtaine/an Mheithimh 2022.

1.4 Soláthar do Dhearbhú Cáilíochta

Lean an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta (GMC) atá bunaithe, lena ról ó thaobh treoir agus tacaíocht a sholáthar agus leis an treo a leagan síos do Chóras Dearbhaithe Cáilíochta nua BOOLI agus tionóladh cruinnithe mar a bhí beartaithe ar feadh na bliana.

Bhí líon cruinnithe urghnácha ar siúl do chríocha sonracha ar nós socruithe teagmhasacha agus ceadú clár nua.

Tháinig an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta (GMC) le chéile ar bhonn rialta le linn na bliana agus lean lena ról, sé sin Córas Dearbhaithe Cáilíochta nua a fhorbairt do BOOLI.

Tugadh chun críche i rith na bliana 2021 na gnéithe den phlean forfheidhmiúcháin maidir le Caighdeán Nua QQI le haghaidh BOO laistigh de BOOLI. Cuireadh leis an bPlean Gníomhaíochta d'Fheabhsú Cáilíochta agus le Plean Oibre maidir le Beartais agus Nósanna Oibre. Cuireadh grúpaí oibre ar bun mar fhreagra ar na spriocanna atá leagtha amach ag an GRC.

Lean an Grúpa Rialaithe Clár (GRC) le cruinnithe rialta agus chuir forbairt rialú clár laistigh den chóras nua DC.

Tugadh gnéithe den phlean forfheidhmiúcháin maidir le Caighdeán Nua QQI le haghaidh BOO taobh istigh de BOOLI chun críche i rith na bliana 2021. Cuireadh leis an bPlean Gníomhaíochta Feabhsú Cáilíochta agus le Plean Oibre maidir le Beartais agus Nósanna Oibre. Cuireadh grúpaí oibre ar bun mar fhreagra ar na spriocanna atá leagtha amach ag an GRC.

Athbhreithniú Tionscnaimh BOOLI (ullmhú don bhliain 2022)

Mar chuid de Threoirínte i ndáil le Dearbhú Cáilíochta Croíláir Reachtúil QQI do na soláthróirí go léir (2016), agus na Treoirínte i ndáil le Dearbhú Cáilíochta Oiriúnaithe Earnála do na BOOanna (2017), tá athbhreithniú institiúideach seachtrach ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna BOOLI ar na bacáin agus tús le cur leis i mí Feabhra 2022 agus beidh an t-athbhreithniú ar siúl ar feadh líon míonna. Tá sé seo ar an gcéad athbhreithniú dá leithéid laistigh d'earnáil BOO agus tabharfar chun críche i BOOLI é faoi mhí Meán Fómhair 2022.

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha i ndáil le hAthbhreithniú Tionscnaimh QQI agus tá sé faoi chathaoirleacht Stiúrthóir BOO agus faoi stiúir an Comhordaitheoir Athbhreithnithe. Tháinig an Grúpa Stiúrtha le chéile agus tá siad ag teacht le chéile gach coicís chun an t-athbhreithniú a ullmhú.

Bhí go leor obair bhreise agus tiomantas i gceist le pleanáil don athbhreithniú agus ciallaíonn sé rannpháirtíocht leis an fhoireann, le foghlaimíocht agus le páirtithe leasmhara trí phróiseas féinmheastóireachta. Tá comhairliúcháin, seisiúin aiseolais, tuarascálacha agus suirbhéanna scaipthe ar fud soláthar, rannóga, soláthróirí cúnta agus páirtithe leasmhara BOOLI. Tá aiseolas lárnach ó thaobh ár bpróiseas féinmheastóireachta de agus bainfear leas as chun moltaí a

dhéanamh, réimsí d'fheabhsúchán a léiriú agus leis an áit is fearr a bhfuilimid ag feidhmiú a aithint. Tháinig an cur chuige spriocdhírthe agus próiseas cuimsitheach maidir le dréachtú agus dearadh an aiseolais seo chun críche le dhá dhoiciméad faoi dheireadh mhí na Nollag 2021:

Próifíl Soláthróra BOOLI

Tuarascáil Féinmheastóireachta BOOLI

Cuireadh na doiciméid seo faoi bhráid an QQI agus an Phainéil Athbhreithnithe Tionscnaimh roimh spriocdháta mhí Eanáir 2022. Déanfar cuairt phleanála aon lae a stiúradh ar líne ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2022, áit a gcasfaidh na painéalaithe le comhaltaí dár bhfoireann agus nuair a sholáthrófar tuairimí maidir lenár dtuarascáil féinmheastóireachta. D'fhéadfadh an painéal doiciméid bhreise a éileamh roimh an bpríomhathbhreithniú. Tabharfar cuireadh i míonna Feabhra agus Márta 2022, don fhoireann, do pháirtithe leasmhara agus d'fhoghlaimeoirí páirt a ghlacadh i seisiúin chun ullmhú a dhéanamh don chuairt athbhreithnithe. Déanfar cuairt an phainéil athbhreithnithe a stiúradh le linn na seachtaine 25 – 29 Aibreán 2022. Cuirfear plean don chuairt straitéiseach agus mionsonraí i bhfeidhm roimh ré chun go gcasfaidh na painéalaithe leis na foghlaimeoirí (iar-fhoghlaimeoirí agus foghlaimeoirí reatha), leis an bPríomhfheidhmeannach, leis na stiúrthóirí, leis na bainisteoirí, comhordaitheoirí, oideoirí, soláthróirí cunta agus páirtithe leasmhara tionscail agus pobail. Tabharfar cuireadh do líon mór d'fhoireann, páirtithe leasmhara agus foghlaimeoirí BOOLI chun bualadh leis an bpainéal athbhreithnithe.

Ar thabhairt chun críche na cuairte athbhreithnithe, cuirfidh an painéal athbhreithnithe QQI dréacht-tuarascáil le chéile i dtús mhí Meán Fómhair 2022, a ndéanfaidh an grúpa stiúrtha athbhreithniú air agus cuirfidh Stiúrthóir BOO freagra foirmiúil ar fáil ina leith. Beidh an tuarascáil deiridh ó phainéal athbhreithnithe an QQI ar fáil ansin i mí Deireadh Fómhair 2022.

1.5 Freagraí nuálacha a aithint i leith riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair agus é mar aidhm an caidreamh idir BOO agus fiontair/fostóirí sa Longfort agus san Iarmhí a chur chun cinn agus a fhorbairt. Rinne an Comhordaitheoir Rannpháirtíochta Fiontraíochta cruinnithe foirne atheagraithe a stiúradh le linn na bliana 2021 agus rinne sé seo éascú ar chomhoibriú níos fearr ar fud BOO.

Gníomhaíochtaí

Áirítear ar shamplaí de ghníomhaíochtaí bolscaireachta le linn na bliana 2021:

Rinneadh óstach ar Sheimineár Gréasáin do Thionscal na nÓstán an 13 Deireadh Fómhair 2021

Alt in Nuachtlitir SOLAS maidir leis an gClár Treoir trí Athrú

Seoladh foirmiúil thionscnamh SOLAS Treoir trí Athrú, Leibhéal 4 ILM, Ceannaireacht agus Bainistíocht

Soláthar fógraíochta tríd an gComhlachas Tráchtála, Nuachtlitir maidir le Scileanna Réigiúnacha, LEO, na Meáin Shóisialta, Clubanna Peile CLG agus Nuachtlitreacha Paróiste

Raidió 3 Midlands – Scileanna Fógraíochta chun Cianoibrithe a chur chun cinn agus a Bhainistiú Soláthraíonn Scileanna don Obair oiliúint i TF bhunúsach d'Fheirmeoirí le feachtas fógraíochta, lena n-áirítear, fógráin; Marglanna, IFA, Macra, Meáin Shóisialta, clubanna CLG; Nuachtlitreacha Paróiste, Fógraíocht ar Raidió 3 Midlands, thug an comhordaitheoir agallamh ar Chlár Feirmeoireachta MJ Cleary; d'fhreastail ar mharglanna, rannpháirtíocht le seirbhísí feirme, Agra-stórtha, siopaí crua-earraí agus oifigí poist

Freastal ar Chruinnithe Comhlachas Tráchtála

Rannpháirtíocht le 34 comhlacht ar fud an Longfoirt agus na hIarmhí

Atreoruithe – 56 go díreach chuig Rannpháirtíocht Fiontraíochta

Chas an Grúpa Rannpháirtíochta Fiontraíochta le fostóirí san earnáil fáilteachais chun caidreamh a chothú agus freastal ar riachtanais oiliúna

Chuir BOOLI 'Taispeántas Taistil' don Fháilteachas ar fáil

Comhoibriú le Tionscnaimh Náisiúnta SOLAS, lena n-áirítear, 50 Dath Níos Glaise

Bhí alt maidir le hOideachas Pobail BOOLI i staidpháipéar BOO d'Oideachas Pobail

Rinneadh acmhainní a leithdháileadh chun BOO a chur chun cinn agus a bhrandáil i mí na Nollag 2021 agus tá clár oibre aitheanta

Tá Stiúrthóir BOO mar ionadaí BOOLI ar Fhóram Scileanna Réigiúnacha Lártíre a chuimsíonn ionchuir agus tacaíocht don tionscal ar fud BOO le linn na bliana 2021
Thionscain Seirbhís Treorach BOO, seirbhís nua ar líne dóibh siúd atá ag lorg tacaíochta ó thaobh gairmthreoir

Áirítear ar shamplaí de chláir nua BOO a rinneadh a fhorbairt agus/nó a sheachadadh le linn na bliana 2021:

Teideal an Chláir	Soláthar BOO
Tionscadal Ealaíon maidir le Foghlaim Chumaisc (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh an Mhuilinn Chearr
Ealaíona agus Dearadh (Leibhéal 3 QQI)	Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh an Mhuilinn Chearr
Líníocht (Leibhéal 3 QQI)	Seirbhís BTEI Mullingar
Ag Úsáid Aip Fóin Chliste (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh Bhaile Átha Luain
Folláine agus Féinchúram (Leibhéal 2 QQI)	Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh Bhaile Átha Luain
Líníocht agus Samhaltú 3D a Theagasc (Leibhéal 2 QQI)	Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh Bhaile Átha Luain
An Dúlra – Eolaíocht na Beatha (Leibhéal 2 QQI)	Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh Bhaile Átha Luain
Scileanna do Dheisiú Báid (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Oideachais Pobail Bhaile Átha Luain
Potaireacht (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Oideachais Pobail an Longfoirt
Teiripe Scéimhe (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Oideachais Pobail an Longfoirt
Scileanna Ealaín Ingne (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Oideachais Pobail an Longfoirt
Caoladóireacht (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Oideachais Pobail an Longfoirt
Rince Cruthaitheach (Neamhchreidiúnaithe)	Seirbhís Oideachais Pobail an Longfoirt
Scileanna Barista (City and Guilds Leibhéal 2)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Próiseáil Focal (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Faisnéis agus Riarachán (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Modhanna Scarbhileoige (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Modhanna Bunachair (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Párolla Láimhe agus Ríomhairithe (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Cúntóireacht Riachtanas Speisialta (Leibhéal 6 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Staidéar ar Mhíchumas Intleachta (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Fás agus Forbairt an Duine (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Do Ghnó Féin a Réamhthosú (Leibhéal 3 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Gruagaireacht (Leibhéal 1 VTCT)	Seirbhís BTEI an Longfoirt agus Bhaile Átha Luain
Ionad Measúnachta Cambridge (PET) (B1)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Cothú agus Roghanna Sláintiúla (Leibhéal 3 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Bearbóireacht (Leibhéal 2 VTCT)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Tacaíocht Cúraim Sláinte (Leibhéal 5 QQI)	Seirbhís BTEI an Longfoirt
Tuiscint don Cheol (Leibhéal 3 QQI)	Seirbhís BTEI Bhaile Átha Luain
Saindioplóma in Innealtóireacht Déantúsaíochta (City & Guilds)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Bearbóireacht (Diplóma Leibhéal 3 VTCT)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Bainistiú Éifeachtach Foirne Cianda (ILM)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Scileanna Leabharchoimeád do Ghnólachtaí Beaga (Sage)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Teastas san Innealtóireacht Mheicniúil (Leibhéal 2 City & Guilds)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Oiliúint maidir le Teiripe Scéimhe & Cóireáil Spá (ITEC)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Bunscileanna Barista (Meánleibhéal City & Guilds)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Foghlaim ar Líne le BOOLI (ILM)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain

Foghlaim ar Líne le BOOLI (QQI)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Staidéar Gruagaireachta (Diplóma Leibhéal 3 VTCT)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Cúrsa Oiliúna sa Táthú (EN Deimhnithe)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain
Gairneoireacht Geimhridh (Leibhéal 4 QQI)	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain

Scileanna don Dul Chun Cinn (STA)

Is tionscnamh náisiúnta atá i gceist leis na Scileanna don Dul Chun Cinn a chuireann deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna ar fáil d'fhostaithe i bpoist atá faoi réir ag athrú agus dóibh siúd atá fostaithe faoi láthair in earnálacha atá leochaileach.

Tá sé mar aidhm le Scileanna don Dul Chun Cinn fostaithe a ullmhú leis na scileanna a theastaíonn uathu ina ról reatha nó chun dul in oiriúint don mhargadh fostaíochta atá ag athrú. Cuidíonn Scileanna don Dul Chun Cinn le fostóirí, trí oibriú go dlúth le fiontair bheaga agus meánmhéide, riachtanais scileanna a aithint agus infheistíocht a dhéanamh san fhórsa saothair trí oideachas agus oiliúint fóirdheonaithe a sholáthar don fhoireann.

Uimhreacha foriomlána do 2021	233
-------------------------------	-----

STA Bealach 1 – Cúrsaí Ainmnithe

Teideal an Chláir	Uimhreacha
IASCC Lean Six Sigma Crios Buí	9
Bainistíocht Tionscadal Bunaidh agus Cleachtóra Prince 2 (4 atriail)	68
Dámhachtain Cúntóra Cúraim Sláinte do gach Oibrí Cúraim Sláinte (3 atriail)	59
Oiliúint Theicniúil maidir le Boinn Leibhéal 1	4

Nóta: Tugadh isteach an dá mhodúl Tacaíocht Cúraim Sláinte Leibhéal 5, Scileanna Cúraim agus Cúram an Duine Bhreacaosta mar roghanna Bhealach 1 sa bhliain 2021 chun freastal orthu siúd a chuaigh i mbun oibre mar Chúntóirí Cúraim Sláinte le linn COVID- 19, nuair a bhí díolúintí ar cháilíochtaí i bhfeidhm. D'fhág deireadh a chur leis an díolúine seo na cúntóirí cúraim sláinte leochaileach ó thaobh na dífhostaíochta agus i gcomhaontú le SOLAS, reáchtáladh an 2 mhodúl fostaíochta faoin STA ar feadh tréimhse theoranta (go samhradh na bliana 2021). Leanfaidh foghlaimoirí orthu ag obair chun dámhachtain iomlán a bhaint amach.

Chuaigh líon foghlaimoirí (8) ar aghaidh chuig Leibhéal 5 BTEI QQI Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair mar mhodh scaipthe STA Bealach 1.

STA Bealach 3 – Atreoruithe ríomhCholáiste

Tugadh isteach cláir STA Bealach 3 sa bhliain 2021. Tá tionscnaimh STA Bealach 3 oscailte d'fhostaithe i réimsí ina bhfuil easnamh scileanna aitheanta sa réigiún Lártíre.

Sheol BOOLI an tionscnamh, Treoir trí Athrú, Leibhéal 4 ILM Ceannaireacht agus Bainistíocht leis an Hodson Bay Group an 13 Bealtaine 2021.

Bealach 3 - Áirítear ar chláir a chuireadh ar fáil ar feadh na bliana 2021:

Teideal an Chláir	Uimhreacha
Dámhachtain Ceannaireachta agus Bainistíochta Leibhéal 4 ILM	39
Dámhachtain L&M Leibhéal 3 ILM	11
Bainistíocht Mhaoirseachta Leibhéal 6 QQI	10
Dámhachtain L&M Leibhéal 3 ILM	22
Foirne Treoraithe agus Inspreagtha Leibhéal 3 ILM	11

Áirítear ar mhíreanna insoláthartha eile:

Cláir Fiosraithe (17 Samhain – 7 Nollaig) 8 Rannpháirtí – An Fóram Scileanna Réigiúnacha An Grúpa Rannpháirtíochta Fiontraíochta a chuimsíonn, Treoir, Earcaíocht, Printíseacht, PLC'anna, Foghlaim Aosach, BTEI, VTOS, Ógtheagmháil, bunaíodh CTCanna chun comhroinnt faisnéise a éascú ar rannpháirtíocht fostóra ar fud BOO. Tionóladh cruinnithe faoi dhó in aghaidh na ráithe.

Oibríodh i gcomhar le Seirbhís Treorach agus Earcaíochta BOO BOOL.

Oibríodh i gcomhar le hÓglaigh na hÉireann, Dún Chostúim, Baile Átha Luain chun oiliúint a chur ar fáil do na trúpaí atá ar dualgas i nDeisceart na Liobáine. Thug pearsanra an airm faoi Bhealach 1 Ceannaireacht agus Bainistíocht Leibhéal 3 ILM féin-chur i láthair trí Fhoghlaim ar Líne ILM le BOOL agus tríd an ríomhCholáiste.

Bhí Seimineár Gréasáin maidir le Deiseanna Uasoiliúna agus Oiliúna d'Earnáil na nÓstán sa Longfort agus san Iarmhí an 13 Deireadh 2021 – d'fhreastail pearsanra ó 18 óstán

Oibríodh i gcomhar le 3M (KCI) ar chlár uasoiliúna d'fhostaithe. Críochnaigh 2 fhostaigh Teastas san Innealtóireacht Mheicniúil agus tá siadsan ag tabhairt faoi Leictreachas agus Uathobriú In-ríomhchláraithe i láthair na huaire.

Tá BOOL ar cheann de 3 BOO atá i mbun stiúrtha ar dhearadh, bailíochtú agus seachadadh micrea-cháilíocht nua Leibhéal 5 QQI d'Inbhuanaitheacht san Ionad Oibre i gcomhar le SOLAS Rannpháirtíocht ghníomhach leis an gComhlachas Tráchtála i mBaile Átha Luain, sa Mhuileann gCearr agus sa Longfort.

Rannpháirtíocht ghníomhach i líonraí ar nós Engenuity (Midlands Engineering) Grow Remote agus BNI

Cumarsáid rialta ag dul amach trína Comhlachais Tráchtála, Líonraí agus LEO na hIarmhí agus an Longfort.

Sprioc 2: Feabhas a chur ar thaithí foghlama agus ar thorthaí d'fhoghlaim

2.4 Aiseolas ó fhoghlaim agus ó thuismitheoirí

Tá aiseolas á bhailiú i láthair na huaire agus úsáid á bhaint as córas páipéar-bhunaithe, rinneadh fiosrú ar mhodhanna eile bailiúcháin leis an QOG, QGG agus PGG agus rinneadh plé ar phlean chun bailiúchán aiseolais foghlaim a chruthú a chur fairsnéis ar fáil agus a thacaíonn le seachadadh oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán inár seirbhísí BOO agus cuireadh líon cur chuige nua chun cinn lena gcur i bhfeidhm.

Gníomhaíochtaí

Sa bhliain 2021, bhí aiseolas foghlaim bailithe ó ghrúpaí fócais a tionóladh aghaidh ar aghaidh agus ar líne le foghlaim BOO ar fud raon soláthairt agus leibhéil QQI. Áirítear in achoimre orthu sin:

Leagan Amach	Aiseolas	Grúpa Foghlaim
Aghaidh ar Aghaidh	Grúpaí Fócais	Printísigh Siúinéireachta agus Cearpantóireachta Printísigh Pluiméireachta Printíseacht Mótarmheicneora
Aghaidh ar Aghaidh	Grúpaí Fócais	Gruagaireacht (Leibhéal 3) Foghlaim Innealtóireachta (Leibhéal 3)
Ar líne	Grúpaí Fócais	Foghlaim maidir le Tacaíocht Cúraim Sláinte (Leibhéal 5)
Ar líne	Grúpaí Fócais	Forbairt Bogearraí (Leibhéal 6)

Chomhoibriú BOOL le hAONTAS agus eagraíodh Comhfhóram Foghlaim don bhliain 2021 trínar bailíodh aiseolas ó fhoghlaim BOOL a bhí ag freastal ar chlár BOO.

Thug gach aon cheann de ceithre Ionad Ógtheagmháil BOOL Próiseas Pleanála bliantúil maidir le Meastóireacht agus Feabhsú (CEIP) bliantúil chun críche. Bhí aiseolas á bhailiú ón bhfoghlaim agus óna thuismitheoirí san áireamh mar chuid den phróiseas sin

2.2 Foghlaim le Cuidiú TEC

Sa bhliain 2021, rinne an Comhordaitheoir FCT/FG Plean Gníomhaíochta FCT maidir le BOO a leagan amach faoi stiúir bainistíocht BOO. Faoi phlean na bliana 2021 rinneadh infheistíocht mhór i mbonneagar TEC agus i dtrealamh agus i saoráidí gaolmhara FCT don foghlaim agus don fhoireann. Ar feadh na bliana 2021 bhí deiseanna leanúnacha maidir le forbairt ghairmiúil ar fáil don uile dhuine den fhoireann agus cuireadh féilire den mhéid a bhí ar fáil le chéile agus tugadh

cothrom le dáta é ar bhonn seachtainiúil. Áiríodh ar dheiseanna uasoiliúna, tionscnaimh áitiúla agus náisiúnta agus tugadh ugach don fhoireann páirt a ghlacadh iontu. Tá mionsonraí breise curtha ar fáil faoi cheannnteideal Forbairt Ghairmiúil/Meantóireacht Foirne thíos.

Tá ionadaí ag BOOLI ar Ghrúpa Gníomhaíochta FCT SOLAS i gcónaí agus leanfaidh ar aghaidh mar sin. Rinne BOO acmhainní nua ar líne maidir le modúil áirithe a fhorbairt agus tá siad ar fáil don uile dhuine den fhoireann ar Teams agus ar Moodle.

Cuireadh ardán ar líne ar fáil chun tacú le foghlaim i bhfoirm Moodle agus/nó Teams d'fhoghlaimoirí agus d'oideoirí le linn na bliana 2021.

2.3 Ionchuir a Rianú agus Tuairisc a thabhairt ina leith

Rinneadh tuilleadh forbartha ar úsáid PLSS agus FARR chun sonraí a chur isteach agus chun staitisticí maidir le rianú agus tuairisciú a sholáthar maidir le foghlaimoirí BOO BOOLI agus bhain BOOLI, SOLAS, ROS agus ESF amháin úsáid as sin sa bhliain 2021 ar fud seirbhísí BOO. Is forbairt mhór thábhachtach atá anseo d'earnáil iomlán BOO in Éirinn agus cuireann sé go mór le fáil a bheith ar shonraí ó thaobh torthaí dearfacha d'fhoghlaimoirí.

Gníomhaíochtaí

Áiríodh ar rianú agus ar thuairisciú:

- Cuirtear tuairisc faisnéise bhainistíochta maidir le líon na bhfoghlaimoirí, de réir réimse soláthair, ar fáil gach seachtain agus baineann bainistíocht BOO leas as sin chun críocha cúrsaí pleanála agus athbhreithnithe
- Déanann bainistíocht BOO athbhreithniú ar thuarascálacha ar bhonn seachtainiúil agus bíonn siad rannpháirteach le Comhordaitheoirí de réir mar atá cuí
- Cuirtear tuairisc fhaisnéise bainistíochta maidir le buiséid, de réir réimse soláthair, ar fáil gach mí agus baineann bainistíocht BOO leas as chun críocha pleanála agus scaiptear ar na Comhordaitheoirí go léir é atá ina sealbhóirí buiséid
- Bhí iniúchóireacht ESF a bhain le torthaí airgeadais agus neamhairgeadais BOO ar siúl le linn na bliana agus bhí siad cothrom le dáta agus díreach ceann amháin ag leanúint ar aghaidh ag deireadh mhí na Nollag.
- I bhfómhar na bliana 2021, cuireadh oiliúint ar fáil do Sheirbhís Treorach BOO maidir leis an mbealach le PLSS a úsáid chun leasa na foirne, trínar cinneadh díriú ar fhoghlaimoirí a chríochnaíonn go luath trí theagmháil a dhéanamh leo agus coinne maidir le treoir a chur ar fáil dóibh agus seiceáil a dhéanamh orthu lena fháil amach ar spéis leo roghanna ó thaobh cláir eile.
- Rinne bainistíocht BOO athbhreithniú ar thuarascálacha MIS a bhí curtha ar fáil ag SOLAS
- Rinne bainistíocht BOO athbhreithniú ar thuarascálacha MIS a bhí curtha ar fáil ag QQI

2.4 Saoráidí agus acmhainní a fheabhsú

Tugadh athbhreithniú ar riocht fisiciúil gach ionad BOO chun críche agus cuireadh bearta feabhsúcháin in ord tosaíochta. Aithníodh tionscadail a raibh infheistíocht chaipitil riachtanach agus cuireadh in ord tosaíochta iad agus cuireadh líon iarratais ar mhaoiniú caipiteal faoi bhráid SOLAS sa bhliain 2021. Tá sé mar chuspóir ag Stiúrthóir BOO mar chomhalta den ghrúpa oibre caipitil a ndéanann SOLAS óstach air agus a dhéanann ionadaíocht ar an fhóram náisiúnta DFET, maoiniú caipitil bhreise a fháil do shaoráidí, trealamh agus acmhainní BOO.

Gníomhaíochtaí

- Lean BOOLI lena rannpháirtíocht le Comhairle Chontae na hIarmhí maidir le socrú comhpháirtíochta chun tacaíocht caipitil a rochtain faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Tá maoiniú Céim 2 ceadaithe agus tá tairiscint maidir le céim thógála tionscadal an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe idir lámha.
- Ceadaíodh iarratais maoinithe chun ceardlanna breise printíseachta leictreachais d'ionad gnó 2 le SOLAS a chur ar fáil agus tabharfar an obair chun críche sa bhliain 2022

- Comhaontaíodh maoiniú caipitil i bprionsabail le SOLAS chun forbairt a dhéanamh ar Champas an Longfoirt agus tá dul chun cinn déanta maidir leis sin trí forbairt a dhéanamh ar thuarascáil theicniúil do sheirbhísí faoi thalamh óna dteastaíonn oibreacha uasghrádaithe
- Fuarthas an cead deiridh do mhaoiniú caipitil de €1m faoin gCiste um Aistriú Cóir le hathchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh ar champas an Longfoirt chun éascú a dhéanamh ar bhunú mol foghlama digiteach. Tá iarratas ar chead planála curtha faoi bhráid Chomhairle Contae an Longfoirt anois.
- Tugadh líon d'oibreacha deisithe agus uasghrádaithe níos lú chun críche ar chostas de €180,000 ar fud ionaid BOO
- Caitheadh an leithdháileadh den mhaoiniú a fuarthas ó SOLAS
- Tugadh oibreacha caipitil go léir BOO a ceadaíodh sa bhliain 2019 agus 2020 chun críche agus tá na híocaíochtaí coinneála deiridh déanta
- Caitheadh thart ar €250,000 ar threalamh caipitil chun tacú leis an fhoireann agus le foghlaimoírí ar feadh na bliana

2.5 Forbairt Ghairmiúil/Meantóireacht Foirne

Rinneadh forbairt ar Phlean Forbartha agus Foghlama Gairmiúil (PL&D) agus aithníodh gníomhartha d'fhoireann go léir BOO. Chuidigh athbhreithniú ar Phlean na bliana 2020 le faisnéis a chur ar fáil do phlean na bliana 2021 agus rinneadh leathnú sa bhliain 2021 ar roinnt tionscnaimh a tionscnaíodh sa bhliain 2020. Áiríodh ar dheiseanna uasoiliúna tionscnaimh áitiúla (inmheánacha) agus tionscnaimh (seachtrach), agus rinneadh an fhoireann a spreagadh ó thaobh a bheith rannpháirteach iontu. Cé nach liosta iomlán idirghabhálacha atá anseo tá blas agus forléargas curtha ar fáil. Chuir Comhordaitheoir PD/TEL BOOLI sonraí le chéile maidir leis na PL&D go léir a tugadh chun críche le linn na bliana 2021.

Gníomhaíochtaí

Samplaí de na tacaíochtaí agus de na cláir iomlána PL&D:

Teideal
Ionduchtú don Fhoireann Nua
Oiliúint spriocdhírthe le seisiúin duine le duine – sainoiriúnaithe do riachtanais foirne aonair
Seimineáir Gréasáin
Cúrsaí Gearra
Sraith Deiseanna BOOLI maidir le foghlaim ar líne agus pacáiste teagaisc nua ar líne cruthaithe
Cruthaíodh oiliúint ionductúcháin do chomhaltaí foirne maidir le COVID- 19 i Nearpod
Microsoft Teams: Tacaíocht Edtech TEAMS
Moodle: Láithreán tacaíochta Edtech
Cuireadh ardán ceangail Wriggle ar fáil don fhoireann go léir
Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta • Freagróir Garchabhrach • Ionadaí Oibrí Ceannais • Láimhsiú Shábháilte
Seisiúin Ceisteanna agus Freagraí agus an fhaisnéis is deireanaí
Dearadh Uilíoch Cláir
Cóitseáil saoil agus folláine foirne
Seisiúin eagraithe ag an NCGE d'Fhoireann Treorach BOO
Tableau agus anailís staitistiúil don MIS
Córais a mbaineann BOO úsáid astu • PLSS • FARR • P2P
Ábhar físeán a chur le chéile don ardán ar líne • Adobe • YouTube

Áiríodh ar thionscnaimh inmheánacha PL&D:

Teideal
Ceardlann Adobe Spark
Cúrsa Oiliúna Boird Clevertouch
Lá do Chleachtóirí Oideachais Pobail
FETQS – Teimpléid Measúnóirí
FETQS – Tagairt Harvard
FETQS – Oiliúint IV T
Seimineár Gréasáin
Oiliúint Foirmeacha
Treoir maidir le hUllmhú do Mheasúnú Digiteach
Foghlaim H2 _ Foghlaim Chumaisc
Conas ticéad a logáil le MJ Flood
Tacaíocht Chigireachta do phleanáil TEL
Comhtháthú Litearthachta (Pobail Chleachtais)
Infheistíocht san Éagsúlacht
Seisiún Faisnéise maidir le Beartas Saoire
Oiliúint maidir le Feasacht Litearthachta
Tacaíocht duine le duine – leanúnach agus ar fáil d'fhoireann go léir BOO
Onedrive agus cúltaca ginearálta
Oiliúint Power BI
Do chuid cláir ar na meáin shóisialta a chur chun cinn
Uirlisí oibre cliste
Uirlisí Meáin Shóisialta
Ionduchtú Foirne
TEL i do Sheomra Ranga iar-Ardteistiméireachta
Tel i do chuid Clár
Seisiún Faisnéise TEL.PD
Ag úsáid Microsoft Forms
Ag úsáid Cruinnithe Teams
Sos Caife Fíorúil
Ceardlann Wakelet
Imeachtaí maidir le Folláine - Caroline Martin
Seimineár Folláine d'Fhoghlaimoirí ATC - Rosemary Jordon
Seimineár Folláine - Shane Martin

Áiríodh ar thacaíochtaí eile don fhoireann agus do na foghlaimoirí

- Tháinig fás ó 350 rannpháirtí i mí na Nollag 2020 go 1,900 rannpháirtí seachtainiúil i mí na Nollag 2021 ar nuachtlitir Treorach seachtainiúil BOO. Rinneadh forbairt gach aon seachtain ar nuachtlitir a raibh sé mar aidhm léi díriú ar ár gcomhghleacaithe, foghlaimoirí agus cliaint, le fócas ar mhíreanna ábhar spéise ginearálta, roghanna maidir le cláir BOO sna trí láthair, Baile Átha Luain, an Longfort agus an Muileann gCearr agus áiríodh mír don fholláine sa nuachtlitir.
- Tháinig méadú gach mí ar cheardlanna Folláine na Céadaoin agus tar éis na ceardlainne a aistriú go ceardlann ar líne sa bhliain 2020 rinneadh leathnú orthu mar chur chuig cumaisc sa bhliain 2021. Don cheardlann is deireanaí i mí na Nollag 2021, tháinig 6 rang ar fud BOO ar bord trí úsáid a bhaint as scáileán tadhaill cliste (saoráidí teileachomhdhála) sa seomra ranga chomh maith le foghlaimoirí aonair agus an fhoireann.

Sprioc 3: Cumarsáid, Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TEC, lena n-áirítear, struchtúir maidir le hathúsáid córas agus clár

D'aithin an fhoireann soláthair caipitil tionscadail éagsúla TEC don bhliain 2021 agus é mar chuspóir cumarsáid, malartú eolais agus líonrú a fhorbairt go himmheánach agus go seachtrach. Tá an obair go léir a bhí beartaithe don bhliain 2021 tugtha chun críche anois.

Gníomhaíochtaí

Áirítear ar shampla de thionscadail TEC:

- Táthar i mbun forbartha ar chóras uathoibrithe SharePoint don QA agus cuirfear córas ar fáil a thabharfaidh deis ó thaobh stórála, aisghabhála agus comhroinnt acmhainní a bhaineann le QA
- Rinneadh forbairt ar chóras uathoibrithe SharePoint chun taifeadadh a dhéanamh ar fhreastal foirne
- Rinneadh infheistíocht de €71,000 i saoráidí teileachomhdhála TEL, lena n-áirítear, ceamaraí agus trealamh físeán ar fud seirbhísí BOO
- Rinneadh tuilleadh uasghrádaithe ar shaoráidí teileachomhdhála agus suiteáladh iad i 6 Ionad BOO
- Uasghrádú trealamh TEC ar fud BOO
- Trealamh TEC á chur ar fáil ar chóras iasachta d'fhoghlaimeoirí

3.3 Foirne Comhoibríocha a chruthú

Ar phríomhghné den BOO tá foirne comhoibríocha líonmhara a bheith ann agus chomh riachtanach is atá sé sin agus an úsáid a bhaineann BOO as uirlisí agus as ardáin ar líne chun é sin a éascú.

Gníomhaíochtaí

Áirítear ar shamplaí d'fhoirne comhoibríocha, oibreacha atá tugtha chun críche agus uirlisí ar baineadh úsáid astu:

- Bíonn cruinnithe bainisteora BOO ar siúl ar bhonn seachtainiúil
- Reáchtáiltear cruinnithe comhordaitheora, soláthar agus ionaid thart ar uair sa mhí
- Leanadh leis an obair ar phobail foghlama atá sainiúil don ábhar a chruthú sa bhliain 2021. Thacaigh deiseanna TEL/PD ar thug oideoirí fúthu le phobail foghlama atá sainiúil don ábhar a fhorbairt
- Eagraíodh ceardlanna do Theagascóirí, do Mhúinteoirí agus d'oideoirí maidir le bearta measúnachta a leagan amach i ndáil le cáilíochtaí QQI
- Cuireadh na Socruithe Teagmhasacha mar gheall ar COVID-19 i ndáil le cáilíochtaí QQI i gcrích de réir mar a bhí gá leo agus rinne an grúpa stiúrtha a bhunaíodh sa bhliain 2020 maoirseacht orthu trínar tugadh faoi na nuashonruithe is deireanaí maidir leis an leagan teagmhasach i gcomhréir le QQI
- Cruinnithe foirne rannpháirtíochta fiontair
- Cruinnithe foirne Earcaíochta agus Treorach BOO
- Cruinnithe ráithiúla Seirbhísí Tacaíochta BOO
- Eagraíodh seisiúin oiliúna don cohóirt foirne le gnáthriachtanais ar feadh na bliana 2021
- Cruinnithe Rialachais agus Ceadú Maoirseachta GMC
- Cruinnithe rialachais agus maoirseachta PGG
- Cruinnithe rialachais agus maoirseachta QGG

- Grúpa stiúrtha athbhreithnithe tionscnaimh
- Bunaíodh Grúpa Pleanála Caipitil BOO
- Tionscnaíodh líonra áitiúil maidir le haistriú Fhoghlaimoirí DEIS go dtí cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna
- Tascfhórsa eagraíochtúil BOOL do COVID-19 faoi chathaoirleacht comhalta foirne BOO agus comhaltaí foirne eile BOO ag freastal
- Foireann Ráiteas Straitéise eagraíochtúil BOOL faoi chathaoirleacht comhalta foirne BOO
- Coiste Sláinte agus Sábháilteachta eagraíochtúil BOOL le tacaíocht ó 3 chomhalta foirne BOO
- An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú (MAEDF) don bhliain 2021. Cuireadh tús le grúpa oibre agus le painéal ceadaithe chun glacadh le agus iarratais ar mhaoiniú ó ghrúpaí pobail a phróiseáil sa bhliain 2021
- Baineadh úsáid as tíleanna MS Teams agus as SharePoint chun acmhainní agus faisnéis a chomhroinnt laistigh de agus idir grúpaí comhoibríocha
- Cruinnithe MS Teams
- Úsáid á bhaint as ríomhphoist don fhaisnéis is deireanaí

3.4 Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí seachtracha a fheabhsú

Leanann BOO ag comhoibriú le heagraíochtaí seachtracha trí rannpháirtíocht agus ionadaíocht a dhéanamh ar BOOL ar fhóiraim náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Tá BOOL rannpháirteach le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí chun seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a fheabhsú d'fhoghlaimoirí.

Tá comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí bunaithe ag an Stiúrtóir Breisoideachais agus Oiliúna, ag Bainisteoirí BOO, ag Comhordaitheoirí, Oideoirí agus ag foireann eile ar fud na heagraíochta le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí seachtracha chomh maith le freagairt do agus rannpháirtíocht le hiarratais ó pháirtithe leasmhara agus ó eagraíochtaí seachtracha ar feadh na bliana 2021. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil minicíocht agus leibhéal na hidirghníomhaíochta sa réimse seo thar a bheith ard.

Gníomhaíochtaí

Áirítear ar shamplaí, rannpháirtíocht le taighde agus pleanáil a dtugann SOLAS, ár maoinitheoir, agus eagraíochtaí eile ar nós BOOE fúthu mar a bhaineann sé le BOO in Éirinn.

- BOOE (Freagraí Earnála)
- ROS (Fóram Scileanna Réigiúnacha)
- Staidpháipéar earnála BOO maidir leis an bhfís d'Oideachas Treasach in Éirinn
- Staidpháipéar earnála BOO maidir le Coláiste BOO don Todhchaí
- Grúpa oibre caipitil BOO le SOLAS agus DFHERIS
- Straitéis agus Grúpa Beartais BOOL/BOO
- Grúpa Beartais maidir le Pleanáil, Acmhainní agus Taighde BOOL/BOO

Áirítear ar shamplaí, rannpháirtíocht lenár maoinitheoirí, Ranna Rialtais, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus seirbhísí poiblí, fostóirí, grúpaí agus cumainn phoiblí. Áirítear sa liosta atá curtha ar fáil anseo príomhchomhpháirtíochtaí BOO ach ní liosta iomlán atá ann:

- SOLAS
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOO)
- Earnáil BOO (15 BOO eile)
- Fostóirí – an Iarmhí agus an Longfort
- Fiontraíocht – an Iarmhí agus an Longfort

- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- An Roinn Oideachais (DES)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarlthar Láir (TUS)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- An Fóram Scileanna Réigiúnacha
- Comhairlí Contae – an Iarmhí agus an Longfort
- Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) – an Iarmhí agus an Longfort
- An Comhlachas Tráchtála – an Iarmhí agus an Longfort
- Aistriú Cóir – grúpaí oibre
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC)
- Grúpaí Pobail - an Iarmhí agus an Longfort
- Comhlachtaí Comhpháirtíochta - an Iarmhí agus an Longfort
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Comhlachtaí Leader
- An Líonra Náisiúnta Foghlama
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- City and Guilds
- Iontaobhas Carthanais Gairmoiliúna (VTCT)
- An Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta (ILM)
- Pearson Vue

Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha a chur chun cinn

4.2 Cur chuige a fhorbairt a chuireann le hacmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

Leanann BOOLI den rannpháirtíocht leis an bhfoireann ó thaobh bainistíochta a dhéanamh ar athrú. Tháinig athruithe móra ar earnáil BOO le linn na bliana 2021 le hathrú tapa chuig foghlaim chumaisc agus foghlaim ar líne ar an modh seachadta do roinnt den fhoireann. Rinneadh é sin a bhainistiú trí chur le hacmhainneacht i measc oideoirí, comhordaitheoirí agus bainisteoirí BOO trí FG agus cóitseáil. Áiríodh ar thacaíochtaí eile, cur le líon na gcrúinnithe ar líne leis an fhoireann iomlán agus cuairteanna ar ionaid sa chás é sin a bheith riachtanach.

Agus COVID-19 ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2021, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur oibrigh an fhoireann go léir laistigh de BOO ar bhealach tacúil agus solúbtha le tuiscint ar riachtanais an fhoghlaimeora laistigh de thimpeallacht a bhí ag athrú de shíor agus é sin ag tarlú ar bhonn laethúil go minic. Ní mór aitheantas a thabhairt don fhoireann a d'oibrigh i gcónaí gan stad gan staonadh le linn na bliana 2021 agus rinne cothabháil ar an dearcadh, sé sin cúnamh a thabhairt i gcónaí.

Rinneadh cásanna rathúla gnó ar son róil nua a bhunú in áit róil áirithe de chuid BOO. Seoladh líon feachtais earcaíochta agus rinneadh earcaíocht ar feadh na bliana 2021 a chiallaigh gur aistrigh comhaltaí foirne a bhí ann cheana féin go róil nua le freagrachtaí nua. Chuir comhaltaí foirne eile leis na róil a bhí acu cheana féin agus tá siad aistrithe ar fud réimsí feidhme chun taithí a fháil agus deiseanna forbartha a thapú.

Tá athstruchtúrú déanta ar roinnt foirne chun riachtanais ghnó a léiriú agus cuidiú le próisis agus tascanna a chuíchóiriú agus cé go bhfuil go leor samplaí ann, is fiú sampla amháin a thabhairt ar aird, sé sin rochtain ar sheirbhís ghairmiúil faisnéise, treoir agus comhairleoireacht 52 seachtaine ar feadh na bliana do lucht foghlama go léir BOO agus don phobal i gcoitinne atá á chur ar fáil ag foireann treorach BOO a fheidhmíonn mar fhoireann chomhtháite atá fréamhaithe ar fud BOO.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Lean bainistíocht BOO leis an obair laistigh de struchtúir rialachais BOOLI FET mar atá leagtha amach ag ceanglais lucht maoinithe agus Rialtais.

Gníomhaíochtaí

- Bhí iniúcháireachtaí le gníomhaireachtaí seachtracha ar BOO ar ghné leanúnach den bhliain 2021 agus aithnítear comhlíonadh le ceanglais rialachais sna tuarascálacha maidir le hiniúcháireacht.
- Tionóladh cruinniú de Bhainistíocht, Comhordaitheoir agus Comhaltaí foirne BOO go rialta ar feadh na bliana 2021 agus tá ceanglais agus freagrachtaí maidir le rialachas corparáideach mar mhíreanna seasta ar an gclár oibre i gcónaí. Tá luachanna seirbhíse poiblí mar bhunchloch maidir leis an mbealach a ndéanaimid seirbhís a sheachadadh agus tá sé seo á stiúradh agus á threisiú ag Stiúrthóir BOO.
- Cuireadh feabhas agus rinneadh athbhreithniú ar chlár bainistíochta riosca ar bhonn ráithiúil.

4.4 Rannpháirtíocht i bhfóirne agus i dtionscnaimh náisiúnta

D'fhreastail bainistíocht, comhordaitheoirí agus comhaltaí foirne BOO ar chomhdhála BOO ar feadh na bliana 2021, agus tá ardú tagtha, gan amhras, ar imeachtaí agus ar leibhéal rannpháirtíochta ar líne. Bhí rannpháirtithe BOOLI ag laethanta, imeachtaí agus ag seisiúin faisnéise a bhain le BOO. Lean BOOLI mar chomhalta gníomhach de chomhlachtaí áitiúla agus náisiúnta ábhartha agus bhíodhas rannpháirteach i raon leathan imeachtaí a chuir BOOLI ar bun nó ar tugadh cuireadh do BOOLI freastal orthu le linn na bliana 2021.

D'fhreastail comhaltaí foirne BOO ar go leor cruinnithe ilghníomhaireachta a bhain le COVID- 19 maidir le Breisoideachas agus Oiliúna leis an DSP, IDA, EI, LEOanna, Fóram Scileanna Réigiúnacha, SOLAS, DES agus BOOÉ sa bhliain 2021.

Gníomhaíochtaí

Áirítear ar shamplaí maidir le freastal ar imeachtaí a bhí á reáchtáil ag ár maoinitheoirí, Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí agus seirbhísí, fostóirí, grúpaí agus cumainn pobail. Áirítear sa liosta atá curtha ar fáil anseo, na príomhtheagmhálacha, ach ní liosta iomlán atá i gceist leis:

- SOLAS
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOO)
- Earnáil BOO (imeachtaí atá á reáchtáil ag gach aon cheann den 15 BOO eile)
- Fostóirí – an Iarmhí agus an Longfort
- Fiontraíocht – an Iarmhí agus an Longfort
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- An Roinn Oideachais (DES)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarlthar Láir (TUS)
- An Fóram Scileanna Réigiúnacha
- Comhairlí Contae – an Iarmhí agus an Longfort
- Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) – an Iarmhí agus an Longfort
- An Comhlachas Tráchtála – an Iarmhí agus an Longfort
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC)
- Grúpaí Pobail - an Iarmhí agus an Longfort
- Comhlachtaí Comhpháirtíochta - an Iarmhí agus an Longfort

- Ionaid Oiliúna Pobail
- Comhlachtaí Leader

Sprioc 5: Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach leis an fhoireann

5.1 Straitéis FG do BOOLI

Tugadh chun críche le linn na bliana 2021 teimpléad pleanála FG a ndearnadh forbairt air agus a bhí comhaontaithe le SOLAS. Aithníodh i bplean bliantúil BOOLI maidir le FG na réimsí tosaíochta sonracha forbartha agus cuireann an plean le Straitéis SOLAS maidir le Forbairt Ghairmiúil 2020-2024.

Gníomhaíochtaí

Tá forléargas mionsonraithe den FG curtha ar fáil cheana féin agus san áireamh tá na míreanna seo a leanas is fiú a thabhairt ar aird:

- Chuir BOOLI tacaíocht leanúnach ar fáil don fhoireann go léir trí mheantóireacht spriocdhírthe agus trí thionscnaimh FG
- Tá comhaltaí foirne agus bainisteoirí BOO i mbun meantóireachta ar bhonn leanúnach ar chomhaltaí foirne eile
- Tá ionadaí ainmnithe ag BOOLI fós ar Líonra FG BOOÉ agus é mar chuspóir leis clár oibre FG do BOO a chur chun cinn do chách
- Tá athbhreithniú déanta ar phlean FG 2021 i gcoinne na hoiliúna a cuireadh ar fáil agus bainfear úsáid as chun faisnéis a sholáthar do phlean na bliana 2022.

5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt chun cultúr nuálaíochta a chur chun cinn

Rinne BOOLI breithniú ar dheiseanna le foirne ilréimsiúla nua a fhorbairt, a thug eagraíochtaí seachtracha san áireamh.

Gníomhaíochta

Tá samplaí d'fhoirne comhoibríocha agus d'fhoirne ilréimsiúla curtha ar fáil thuas ach áirítear ar mhíreanna gur fiú aird ar leith a thabhairt orthu:

- Tá roinnt foirne ilréimsiúla cruthaithe mar thoradh ar an obair a bhí déanta ag trí ghrúpa rialachais QA le linn na bliana 2021 agus déanfar tuilleadh forbartha agus leathnú orthu seo sa bhliain 2022
- Cuireadh leis an gcomhoibriú idir Treoir agus Earcaíocht BOO do gach foghlaimoir de chuid BOO nuair a bunaíodh cruinniú míosúil faoi chathaoirleacht an Oifigigh Earcaíochta a bhfreastalaíonn comhordaitheoirí cláir ar fud BOO air
- Tá foirne ilréimsiúla bunaithe ag an gComhordaitheoir maidir le Caidreamh leis an Lucht Fiontraíochta
- Cuireadh tús le próiseas pleanála gnó don bhliain 2021 leis na comhordaitheoirí ar fad a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do chomhaltaí foirne ar fud BOO chun comhoibriú breise agus comhroinnt faisnéise ar fud BOO a chur ar bun
- Tionóladh cruinnithe ráithiúla chun an fhaisnéis is deireanaí a sholáthar agus d'fhreastail bainisteoirí BOO orthu
- Sa bhliain 2021, chuir Treoir BOO leathnú ar a ról agus rinneadh forbairt ar chleachtas maidir le treoir ar líne trí úsáid a bhaint as Microsoft Forms, Teams, na meáin shóisialta agus nuachtlitir seachtainiúil. Go dtí seo sa bhliain 2021, bhí 1,780 tairbhí i gceist i gcomparáid le 1,127 tairbhí sa bhliain 2020 agus tá ardú seasta ag teacht ar sin chuig meánlíon de 3,000 in aghaidh na bliana roimh COVID- 19.

Cé go ndeachaigh an laghdú ar atreorú i bhfeidhm ar BOOLI ó Mhárta 2020, rinne an tseirbhís treorach atheagrú ar an obair agus chuir fáilte roimh athrú chun a fháil amach céard a d'fhéadfaí a bhaint amach. Sa bhliain 2021, rinne an tseirbhís óstach ar 27 seimineár gréasáin agus d'fhreastail 584 rannpháirtí orthu seo.

Chuaigh na seimineáir gréasáin ó cheardlanna CAO go machnaimh a dhéanamh maidir le do ghnó féin a thosú go teicnící CV agus agallaimh. Tugadh cuireadh do na foghlaimeoirí go léir ar fud BOO chun freastal ar na seimineáir seo.

Seoladh cainéal nua Youtube agus tugadh isteach foirm iarratais nua ar líne maidir le coinne treorach chun cúrsaí a dhéanamh níos éasca do chliant a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tuarascáil 2021 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, ar ardchaighdeán agus atá foghlaimeoirí a sholáthar

1.3 Pleanáil agus comhordú clár

Rinneadh forbairt ar an bPlean Seirbhíse agus cheadaigh an Bord an Plean ag a gcruinniú den 16 Feabhra 2021.

1.5 Freagraí nuálacha a aithint i leith riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo

Tá réadmhaoin go léir BOOLI liostaithe ar an gClár Réadmhaoin agus tá an clár seo nasctha leis an gcóras Ceannach go hÍocaíocht (P2P). Cuireann sé seo an deis ar fáil chun féachaint air agus maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas gach aon réadmhaoin.

Tá na Ráitis Sábháilteachta agus na athbhreithnithe Sláinte agus Sábháilteachta tugtha chun críche do na hionaid go léir.

Tá ceithre chreat ilsoláthróra breise tugtha chun críche agus cuirfear tús leis an leathadh amach i ráithe 1 den bhliain 2022.

Tá tús curtha le cur chuige um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá méadair cliste suiteáilte. Tá an fhaisnéis chuimsitheach a chuireann na méadair seo ar fáil mar chúnamh mór ó thaobh faisnéis a sholáthar do na chéad chéimeanna eile a bheidh le glacadh againn.

Sprioc 2: Taithí agus torthaí foghlama a fheabhsú d'foghlaimeoirí

2.4 Saoráidí agus acmhainní a fheabhsú

Tá creat cothabhála curtha i bhfeidhm do na foirgnimh go léir.

Tá tús curtha ag an fhorbairt ar thuairisciú ón gCóras Méadair Cliste SIC leis an fhaisnéis ábhartha a sholáthar le breithniú a dhéanamh ar na húsáideoirí deiridh ábhartha agus cumasaíonn monatóireacht níos fearr ar chostais agus ar bhillí fónais.

Bhí BOOLI i gcaidreamh leis an DES maidir leis an síneadh atá beartaithe ar Choláiste Cholumba agus tá ardú suntasach bainte amach ó thaobh an tionscadal.

Bhí BOOLI i gcaidreamh leis an NDFA maidir leis Coláiste Pobail Bhaile na gCros. Tá Foireann Deartha fostaithe anois. Tá díospóireacht leanúnach ar siúl maidir leis na roghanna atá roghnaithe le cur os comhar DES.

Bhí BOOLI i gcaidreamh leis an Roinn maidir le síneadh breise ar Choláiste Pobail Bhéal Átha Liag, Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin, Ardscoil Phádraig sa Ghránard, Coláiste Theampaill Mhichíl sa Longfort agus Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr.

Tá BOOLI ceaptha mar Fheidhmeannach Tionscadail ag an Roinn Oideachais chun forbairt a dhéanamh ar Ghaelscoil i mbaile an Longfoirt ina mbeidh dhá cheann déag de sheomraí ranga.

Tá BOOLI ceaptha mar Fheidhmeannach Tionscadail don síneadh ar scoil náisiúnta Naomh Seosamh sa Longfort.

Sprioc 3: Cumarsáid, Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a chothú

3.1 Straitéis TEC, lena n-áirítear, struchtúir maidir le hathúsáid córas agus clár

Leanadh le feidhmiú na bPleananna Leanúnachais Gnó laistigh de chomhthéacs COVID-19 le linn na bliana 2021. Leanadh mar is gnách le híocaíocht párolla, íocaíocht le creidiúnaithe agus íocaíocht Taistil agus Cothabhála.

Tá an 'Straitéis Teagaisc agus Foghlama – Faisnéis agus Teicneolaíocht' tugtha chun críche agus le fáil anois le feiceáil ar láithreán gréasáin BOOLI ag

<https://www.lwetb.ie/wp-content/uploads/2021/05/Teaching-and-Learning-Strategy-Information-and-Technology.pdf>

3.2 Straitéis Chumarsáide a fhorbairt

Tar éis taighde deisce ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Straitéis Chumarsáide BOOLI, is féidir an chéad dréacht den straitéis seo a chur chun cinn anois.

3.3 Foirne Comhoibríocha a chruthú

Bhí athstruchtúrú an OSD tugtha chun críche den chuid is mó le linn na bliana 2021 agus tá tríocha a ceathair conradh buan eisithe mar chuid den athstruchtúrú. Mar thoradh air sin tá acmhainní mar is cóir ag na trí philéar agus tá comhoibriú leanúnach ann ó thaobh forbairt a dhéanamh ar struchtúir amach anseo.

Cuireadh foireann chuimsitheach i bhfeidhm mar chuid den tionscadal “One-Finance” le comhaltas óna Seirbhísí Corparáideach, Finance Mullingar, Seirbhísí Oiliúna san ATC agus Airgeadas agus Riarachán san ATC.

Tá BOOLI i gcaidreamh leis an ESBS maidir leis an gCóras Oiliúna Conraithe, an Córas Íocaíochtaí le Foghlaimeoirí, an Córas Bainistíochta Conarthaí agus modúl D/EPM.

Chuaigh Taisteal agus Cothabháil beo ar Sheirbhísí Comhroinnte ESBS le linn Ráithe 1 den bhliain 2021.

Bunaíodh Foireann Bainistíochta Sinsearach (SMT) chun tacaíocht a thabhairt d’obair na trí stiúrthóireacht. Cuimsíonn an fhoireann, comhaltaí foirne sinsearach ó Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Foirgnimh, Seirbhísí Oiliúna, an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearach (SLT) faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh.

Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha a chur chun cinn

4.1 Forbairt struchtúr eagraíochtúil a chur chun cinn

Tá an córas bainistíochta conarthaí faoi phíolótú in dhá BOO agus ba chóir go mbeadh sé ar fáil do BOOLI i ndeireadh Ráithe 2, 2022.

Tá tús curtha le céim a haon den tionscadal Clibeála Sócmhainní agus tá sé tugtha chun críche i roinnt ionaid. Leanfar le céim a do níos faide amach sa bhliain 2022.

Tá an t-uasgrádú ar SUN / P2P tugtha chun críche.

4.2 Cur chuige a fhorbairt a chuireann le hacmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

Is díol suntais leibhéal an athraithe atá tarlaithe san OSD sa bhliain 2021. Mar sin féin, bhí an acmhainneacht a bhí ag foireann BOOLI chun déileáil leis an athrú eiseamláireach agus bhí tionchar teoranta ar rannóga mar thoradh air sin in ainneoin na fírice gur fhág níos mó ná deichniúr foirne an eagraíocht taobh istigh den bhliain.

4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI

Cuireadh oiliúint ar fáil do Bhord BOOLI maidir le Féinmheasúnú agus tugadh faoin measúnú ansin i mí an Mheithimh 2021.

Cuireadh oiliúint ar fáil freisin do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

De réir an athbhreithnithe leis an DES de PDA agus den SLA, bhí BOOLI in am lena chuid tuarascálacha ábhartha go léir.

Tá riosca mar mhír buan ar an gClár do chruinnithe go léir an ARC. Cuireadh athbhreithniú fheidhmiúcháin ar fáil don ARC maidir le rialuithe inmheánacha in Eanáir 2021, agus tá athbhreithniú den chineál céanna tugtha chun críche don bhliain 2021.

Tá athbhreithniú IAU ar na bacáin agus cuirfear faoi bhráid ARC é i ráithe 1 den bhliain 2022.

Tá an Plean Freagartha Gnó maidir le COVID-19 á thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus cuirtear na prótacail go léir a bhaineann leis an bpaindéim in iúl don fhoireann trí Thascghrúpa COVID-19. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na doiciméid ábhartha go léir agus tá siad á dtabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus tá siad le fáil lena bhfeiceáil ar láithreáin Sharepoint agus Teams.

4.4 Rannpháirtíocht i bhfóraim agus i dtionscnaimh náisiúnta

Leanann BOOLI leis an gcaidreamh le fóram BOOÉ don OSD, Airgeadas, Foirgnimh, Seirbhísí Corparáideacha, Soláthar agus Gníomhú ar Son na hAeráide agus cuireadh comhaltaí nua leis na grúpaí éagsúla i mbliana.

Sprioc 5: Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach leis an bhfoireann

5.1 Straitéis FGL do BOOLI

Tá leasú suntasach déanta ar struchtúr an OSD chun go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm agus cuirfidh an tacar saincileanna faisnéis ar fáil anois do straitéis an FGL.

Tá líon cúrsaí oiliúna comhcheangailte, lena n-áirítear, garchabhair, ionadaí oibrí ceannais agus láimhsiú shábháilte eagraithe agus leanfar leo sna míonna atá amach romhainn. Is iad líon na foirne a cuireadh faoi oiliúint go dtí seo, LWRanna: 89 agus FARanna deimhnithe: 123.

5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt chun cultúr nuálaíochta a chur chun cinn

Aguisín 1

Comhaltaí Boird BOOLI - Freastal ar Chruinnithe Eanáir - Nollaig 2021

Bhí ocht (8) gcrúinniú ag an mBord le linn na bliana agus tá breac-chuntas maidir le freastal tugtha sa tábla thíos

Clár Freastal agus Minicíocht Cruinnithe an Phríomh-Bhoird										
Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhlacht Ainmnithe	12 Ean	16 Feab	23 Mar	11 Beal	08 Meith	13 MF	12 DF	09 Sam	Líon iomlán na gcrúinnithe ar freastalaí odh orthu
Frankie Keena (Cathaoirleach)	Comhairle Contae na hIarmhí	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Pat O'Toole (Leas-Chathaoirleach)	Comhairle Contae an Longfoirt	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Luke Casserly	Comhlachtaí Ainmnithe ag an Aire	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Donie Cassidy	Comhlachtaí Ainmnithe ag an Aire	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Aoife Davitt	Comhairle Contae na hIarmhí	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
John Dolan	Comhairle Contae na hIarmhí	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Michael Dollard	Comhairle Contae na hIarmhí		X	X	X	X			X	5/8
Josephine Donohue	Comhlachtaí Ainmnithe ag an Aire	X	X			X	X	X		5/8
Niamh Ginnell	Comhlachtaí Ainmnithe ag an Aire	X	X		X		X	X	X	6/8
Ken Glynn	Comhairle Contae na hIarmhí	X				X				2/8
Gerry Hagan	Comhairle Contae an Longfoirt	X	X					X	X	4/8
Colm Harte	Comhlachtaí Ainmnithe ag an Aire	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Louise Heavin	Comhairle Contae na hIarmhí		X		X	X		X	X	5/8
Denis Leonard	Comhairle Contae na hIarmhí	X	X	X	X		X	X		6/8
Kathleen McGahern	Ionadaí na dTuismitheoirí	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Mark Murphy	Ionadaí na dTuismitheoirí	X	X		X	X	X	X	X	7/8
Garry Murtagh	Comhairle Contae an Longfoirt	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Peggy Nolan	Comhairle Contae an Longfoirt		X	X	X	X	X			5/8
Mary O'Brien	Ionadaí na Foirne	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Emily Wallace	Comhairle Contae na hIarmhí		X				X	X		3/5
Colin Whyte	Ionadaí na Foirne	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8

Aguisín 2

An Coiste Iniúcháireachta – Freastal ar Chruinnithe Eanáir - Nollaig 2021

Bhí cúig (5) chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta le linn na bliana agus tá breac-chuntas maidir le freastal tugtha sa tábla thíos

Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhalta Inmheánach nó Seachtrach	04 Feab	18 Mar	03 Meith	02 MF	25 Samh	Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Michael Dollard (Cathaoirleach)	Inmheánach	X	X	X	X		4/5
Pat O'Toole	Inmheánach	X	X	X	X	X	5/5
John Dolan	Inmheánach	X	X	X	X	X	5/5
John Duffy	Seachtrach			X		X	2/5
Hugh Farrell	Seachtrach	X	X	X	X	X	5/5
Ann Nugent	Seachtrach	X	X	X	X	X	4/5

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca – Freastal ar Chruinnithe Eanáir – Nollaig 2021

Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhalta Inmheánach nó Seachtrach	08 Ean	29 Ean	26 Feab	13 Bealt	05 Sam	Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Gerard Quirke (Cathaoirleach)	Seachtrach	X	X	X	X	X	5/5
John Duffy	Seachtrach	X	X	X	X	X	5/5
Gerry Hagan	Inmheánach						0/5
Kathleen McGahern	Inmheánach	X		X	X	X	4/5
Pat O'Rourke	Seachtrach	X	X	X	X	X	5/5
Donie Cassidy	Inmheánach	X	X	X		X	4/5



An Roinn Oideachais
Department of Education



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth



An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

Tionscadail arna dtacú i bpáirt ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020

